An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2017

# Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Phóilíneachta 2017

**De réir Alt 62O(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú) agus i gcomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.**

## Clár Ábhar


**Réamhrá ón gCathaoirleach** ... 3

**Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain** ... 6

**1. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta** ... 8

**2. Dul chun cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha** ... 10

**3. Gné-Alt: Ceapacháin le céimeanna sinsearacha an Gharda Síochána.** ... 16

**4. Rialachas agus Struchtúr** ... 19

**5. Faisnéis Airgeadais** ... 28

**Aguisín 1 – Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2017 an 31/12/17** ... 30

**Aguisín 2 – Staitisticí do Chomórtais Roghnúcháin maidir le Ceapadh comhaltaí sinsearacha den Gharda in 2017** ... 38

**Aguisín 3 – Tuarascáil Achomair Airgeadais 2017** ... 30

**Aguisín 4 – Struchtúr Eagraíochta** ... 40

**Aguisín 5 – Ráiteas ón Chathaoirleach faoi Rialú Inmheánach Airgeadais** ... 41

**Aguisín 6 – Úsaid Fuinnimh 2018** ... 43


**Ár bhFís**

Is é atá mar **fhís** againn go mbeadh eagraíocht póilíneachta ann atá gairmiúil agus neamhchlaonta le freastal ar an tsochaí, eagraíocht a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil muinín ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

> *"….comhlacht ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta nó an Policing Authority i mBéarla, chun críocha maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus ar na feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta"*
>
> *Reachtaíocht Bhunaithe an Údaráis Póilíneachta*

## Réamhrá ón gCathaoirleach

Tá áthas orm an dara tuarascáil bhliantúil seo de chuid an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2017 a chur i láthair.

Ba bhliain thábhachtach bliain 2017 don Údarás. I mbliain 2016, bhí go leor dár bhfuinneamh, mar ba ghá, dírithe i dtreo an tÚdarás a bhunú, ár gcórais agus ár mbealaí oibre féin a fhorbairt agus chun an bhunchloch a leagan dár bhfeidhmeanna maoirseachta. In 2017, áfach, cuireadh gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla an Údaráis i bhfeidhm agus forbraíodh an fhoireann feidhmiúcháin chun fairsinge agus anailís bhreise a chur leis an maoirseacht a bhí á dhéanamh againn ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. Mar shainmharcanna dár maoirseacht bhí seasmhacht agus trédhearcacht san idirchaidreamh a rinneamar leis an nGarda Síochána agus iarrachataí chun foinsí malartacha neamhspleácha fianaise a chruthú trí idirchaidreamh a dhéanamh le réimse níos fairsinge de pháirtithe leasmhara.

Leagtar amach sa Tuarascáil seo dul chun cinn daingean in aghaidh na gcuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2016-2018 an Údaráis agus na príomh-nithe atá bainte amach again, nithe nach beag iad. Anuas air sin, bhunaíomar agus d'fhoilsíomar roinnt príomhthosaíochtaí corparáideacha don Údarás don bhliain 2017. Is léir gur bhealach áisiúil é seo chun díriú ar ár n-obair agus tá an dul chun cinn ar na tosaíochtaí sin le fáil in Aguisín 1. Tá áthas orm a thabhairt le fios gur baineadh amach go hiomlán ár dtosaíochtaí uile, nach mór, in 2017.

**Ceisteanna Suntasacha**

Tharla roinnt rudaí suntasacha i mbliain 2017 ar fiú iad a lua go sonrach.

I dtaobh obair an Údaráis féin, ar na dúshláin ba mhó a bhí romhainn bhí tabhairt faoi chomórtais chun daoine a roghnú lena gceapadh mar Choimisinéir Cúnta, mar Ard-Cheannfort agus mar Cheannfort sa Gharda Síochána, agus déantar cur síos i ngné-alt speisialta sa tuarascáil seo ar ár gcur chuige agus ar an toradh. Comhartha bunriachtanach is ea an tasc seo a léiríonn an athrú polasaí i leith mhaoirseacht an Gharda Síochána – tá an próiseas roghnaithe á aistriú ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus tá céim an cheapacháin á aistriú ón Rialtas. Measann an tÚdarás gur céim ríthábhachtach na ceapacháin seo chun cumas ceannaireachta póilíneachta agus bainistíochta a fhorbairt sa Gharda Síochána agus bhíomar an-chúramach, dá réir, lenár bpróisis. Thosaíomar ar bhealach éabhlóideach chun próisis sheanbhunaithe um ardú céime a leasú agus leanfaimid ar aghaidh leis an bpróiseas seo i gcomórtais na bliana 2018, a gcuirfear tús leo go gairid. Bhíomar ar airdeall, chomh maith, gur ghá dúinn ceapacháin a dhéanamh gan moill míréasúnta agus tá áthas orm a thabhairt le fios, a bhuíochas le hullmhú fónta, gur éirigh linn gach ceann de na trí comórtais a chur i gcrích in 2016 laistigh de sé mhí.

I dtaobh na maoirseachta, tá ár dtuiscint ar phóilíneacht in Éirinn agus ar an mbealach a dhéanann an Garda Síochána a chuid oibre curtha chun cinn againn de réir a chéile. Tá feidhmíocht dhearfach shármhaith tugtha feicthe againn i measc na nGardaí a fhreastalaíonn ar ár saoránaigh agus ár bpobail. Ach b'ábhar díomá dúinn, chomh maith, a bhfaca muid i go leor cásanna. Rinneadh mórchuid oibre nua i mbliana, chomh maith, chun monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh don Aire ar na bearta a ndeachaigh an Garda Síochána ina mbun chun moltaí thuarascáil Cigireacht an Gharda Síochána, 'An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú' a chur i bhfeidhm. Dár linn gur gnéithe lárnacha den mhaoirseacht ar fheidhmiú an Gharda Síochána an obair seo, mar aon leis an mhaoirseacht ar phóilíneacht a dhéantar tríd an bplean póilíneachta bliantúil. I rith 2017, rinneamar tuairisciú ráithiúil leis an Aire ar dhul chun cinn an nuachóirithe agus an athchóirithe sa Gharda Síochána, maidir le rialachas, luas an chuir i

bhfeidhm, tús áite a thabhairt d'acmhainní a dhíriú ar limistéir ríthábhachtacha, acmhainní daonna agus cumas TFC ina measc. Ar an drochuair, ní raibh sé de chumas againn i gcónaí labhairt go dearfach sna tuarascálacha seo. Tá sé i gceist againn trí thuarascáil a fhoilsiú i 2018 ar nuachóiriú an Gharda Síochána agus mar aon leis sin shocraigh muid Tuarascáil lár bliana a fhoilsiú ar Phlean Póilíneachta 2018 le súil dul chun cinn nó sleamhnú siar a aithint i bhfad níos luaithe.

Tugadh tús áite i mbliain 2017 do mheasúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le cruinneas sonraí i 2017. Ghlac sé an-chuid ama go deo ar an Údarás an líon beagnach 2 milliún tástáil anála nár deineadh a fhiosrú, agus tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le mírangú dúnbhásaithe – ceist nach bhfuilimid sásta go fóill lena réiteach – agus ghlac sé níos mó ama ná mar ba cheart. Ní mór dom a mhíniú arís gurb é is ábhar imní don tÚdarás an tionchar a imríonn sonraí laga nó míchearta ar bheartais in aghaidh na coiríochta, imscrúdú coiríochta, beartas poiblí agus imlonnú an Gharda Síochána. Le linn dom bheith ag scríobh, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhfhreagras an Gharda Síochána a bhaineann le lámhach tubaisteach marfach an Gharda Tony Golden a thugann an pointe seo chun suntais.

Thug an obair a rinneamar ar cháilíocht sonraí roinnt ceisteanna rialachais chun solais a bhí ina n-ábhar buartha dúinn, a bfheictear arís inár scrúdú ar an dtuarascáil iniúchóireachta inmheánach a rinneadh ar Choláiste an Gharda Síochána.

Ní raibh súil again i 2017 go mbeadh ar an Údarás tabhairt faoina fheidhm reachtúil chun duine a ainmniú lena cheapadh i bpost Choimisinéir an Gharda Síochána agus tugadh faoi ullmhúcháin shubstainteacha, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí, sular fógraíodh an post i Márta 2018.


Ar deireadh, buaicphointe domsa i mbliain 2017 ba ea síniú an Chóid Eitice a bhunaigh an tÚdarás ag earcaithe nua an Gharda Síochána agus iad á bhfhianú, agus Coimisinéir an Gharda Síochána a chlos dá gcomhairliú cloí lena phrionsabail.

**Ag Caitheamh Súil chun Cinn**

Rinneadh mar cheann ar ár gcuid oibre i mbliain 2017 measúnú reachtúil ar ár n-éifeacht féin agus súil chun cinn i leith conas is féidir linn cur leis an mbunchloch a chruthaíomar chun tabhairt faoinár bpost bunúsach – chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. Ina theannta sin, rinneamar aighneacht mhionsonraithe le Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn chun ár eispéireas, ár léargas agus ár n-uaillmhianta a chur in iúil. Sna cáipéisí seo, tugaimid cuntas ar na teorainn atá lenár gcumhachtaí agus ár bhfeidhmeanna agus déanaimid moltaí an-sonracha i leith athrú.

Táimid ag tnúth le tuarascáil an Choimisiúin níos déanaí i mbliana, agus lena mholtaí, a imreoidh tionchar mór, gan amhras, ar phóilíneacht agus ar an maoirseacht a dhéantar ar phóilíneacht sna blianta amach romhainn. Idir an dá linn, leanaimid le maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána in 2018 laistigh den chreat reachtúil reatha agus tá cúig théama thrasghearrthacha nó 'lionsaí' roghnaithe againn a chuirfimid i bhfeidhm lenár maoirseacht agus ár n-obair thaighde go léir i 2018 - cur i bhfeidhm, maoirseacht agus bainistíocht feidhmíochta, rialachas, eitic agus cruinneas sonraí.

Tá tacaíocht agus tiomantas den chéad scoth á tabhairt agus á léiriú ag mo chomhghleacaithe san Údarás agus is amhlaidh atá tiomantas agus táirgiúlacht fhoireann feidhmiúcháin an Údaráis. Glacann muid misneach as a thabhairt faoi deara go bhfuil díospóireacht níos fairsinge á dhéanamh anois ar cheisteanna mhaoirseacht, cruinneas sonraí agus dul chun cinn ar shibhialtaigh ghairmiúla a fhostú, a bhí ina n-ábhar buartha don tÚdarás faoi mar a thug an tÚdarás chun solais i mblianta 2016 agus 2017. Táimid cinnte dearfa go bhfuil difear á dhéanamh againn, agus go leanfaidh sé amhlaidh a maidir le cáilíocht na póilíneachta agus i dtaobh muinín a chruthú as an bpóilíneacht do mhuintir na hÉireann.



**Josephine Feehily**

**Cathaoirleach**

**An 29 Márta 2018**

## Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain

Ba í an ghné ba shuntasaí sa dara bliain ina raibh an tÚdarás ag oibriú ná fairsingiú suntasach obair an Údaráis de réir mar a cuireadh leis an bhfoireann agus le saineolas na foirne chun tabhairt faoi fheidhmeanna an Údaráis i gcaitheamh na bliana.

Tosaíocht thábhachtach ab ea é sa bhliain 2017 córais an Údaráis a bhunú chun daoine a roghnú lena gceapadh i bpostanna sinsearacha an Gharda Síochána agus chun tabhairt faoi na gcomórtais sin ar bhealach lúfar agus éifeachtach d'fhonn go bhféadfaí poist a líonadh gan mhoill. Tháinig tosaíochtaí eile maoirseachta chun solais i rith na bliana a bhain le hathbhreithnú ar cheisteanna a bhain le Tástáil Éigeantach Deochanna Meisciúla, eisiúint mhícheart toghairmeacha agus dúnbhású. Rinneadh seo sa mhullach ar chlár oibre suntasach a leagtar amach inár dTosaíochtaí Corparáideacha don bhliain, lenar áiríodh leanúint leis an Údarás a fhorbairt mar eagraíocht agus an maoirseacht atá á déanamh againn ar an nGarda Síochána á fhairsingiú i gcomhthráth.

Ag oibriú le baill an Údaráis agus na Comhaltaí Coiste, tá áthas orm a thabhairt le fios go bhfuil sár-dhul chun cinn déanta ag an bhfoireann Feidhmiúcháin chun tacú le hobair an Údaráis agus chun a chuid cuspóirí don bhliain 2017 a bhaint amach.

**Sracfhéachaint**

- Bhí maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Póilíneachta 2017 an Gharda Síochána i gcroílár obair mhaoirseachta an Údaráis;
- Cuireadh 19 gcruinniú den Údarás (11 chruinniú sceidealaithe agus 8 gcruinniú breise) agus 41 cruinniú Coiste ar bun i rith na bliana, ina measc cúig chruinniú Údaráis a tionóladh go poiblí agus a rinneadh a shruthú go beo ina measc;
- As na 50 táscaire feidhmíochta i dtosaíochtaí Corparáideacha 2017 an Údaráis, baineadh 40 ceann acu amach, as na deich gcinn a bhí fanta, ní raibh smacht ag an Údarás ar cheithre cinn acu.
- Seoladh an Cód Eitice don Gharda Síochána in Eanáir 2017;
- Cuireadh 3 chomórtas roghnaithe ar bun agus bunaíodh painéil do chéimeanna Coimisinéara Cúnta, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt agus rinneadh ceapacháin le gach ceann de na trí chéim faoi mílúil;
- Rinneadh measúnú agus léiriú ar dhul chun cinn ag an nGarda Síochána i dtaobh mholtaí thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána, 'An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú', ónar eascair ceithre thuarascáil ráithiúla don Aire;
- Foilsíodh tuarascáil ar *an Athbhreithniú ar Cheisteanna a Bhaineann le Tástáil Éigeantach Deochanna Meisciúla agus Eisiúint Mhícheart Toghairmeacha ag an nGarda Síochána in ionad Fógraí Muirir Sheasta*;
- Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an Údaráis agus ar leordhóthanacht a fheidhmeanna reachtúla a foilsíodh i Nollaig 2017;
- Chaith an tÚdarás am suntasach in 2017 ar mhachnamh a dhéanamh ar thodhchaí na póilíneachta in Éirinn agus d'fhoilsigh sé a aighneacht don gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Eanáir 2018.

Faoi mar is léir ón tuarascáil seo, thug an tÚdarás faoi mhórán nithe agus d'éirigh leis mórán a bhaint amach, níorbh fhéidir seo a dhéanamh murach tiomantas, dúthracht agus gairmiúlacht chomhaltaí an Údaráis agus na foirne Feidhmiúcháin. Anuas air sin, thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus gníomhaireachtaí eile sa chóras dlí choiriúil tacaíocht dúinn, agus táim an-bhuíoch den mhéid seo. Táim ag tnúth le dul chun cinn breise a dhéanamh i dtreo bhaint amach chuspóirí an Údaráis in 2018 agus ina dhiaidh sin.



**Helen Hall**

**Príomhfheidhmeannach**

**An 29 Márta 2018**

# 1. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is gníomhaireacht neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bunaíodh an 1 Eanáir 2016. Is é an príomhról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fheidhmeanna an Gharda Síochána mar a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Bunaíodh an tÚdarás trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 a dhéanann leasú ar Acht an Gharda Síochána 2005. Déanann an tAcht foráil do raon leathan feidhmeanna don Údarás, roinnt acu a bhí mar fhreagracht ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais roimhe seo. Tá an réimse iomlán feidhmeanna ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta:

- Tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta a leagan síos don Gharda Síochána;
- Feidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána a choinneáil faoi athbhreithniú;
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta a dtugann an Garda Síochána fúthu maidir leis na moltaí a bhí i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána;
- Daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas i bpost Choimisinéir an Gharda Síochána agus i bpost Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, tar éis próiseas roghnaithe arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
- Tabhairt faoi chomórtais roghnúcháin le daoine a cheapadh chuig céim Choimisinéara Chúnta, Ard-Cheannfoirt agus Cheannfoirt sa Gharda Síochána;
- Coimisinéirí Cúnta, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt a cheapadh i gcéimeanna agus i ngráid sinsearacha áirithe sa Gharda Síochána agus iad a chur as oifig;
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus
- Prionsabail phóilíneachta agus feasacht an phobail ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát a chur chun cinn.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána 2005, tá Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le feidhmíocht fheidhmeanna an Choimisinéara agus fheidhmeanna an Gharda Síochána.


## Ár Misean

Is é **ár misean** obair phóilíneachta den scoth a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.

**Tá ár luachanna tábhachtach dúinn.**

**Is *léiriú* iad ar ár gcultúr agus ar ár n-aitheantas agus tugann siad treoir dúinn chun nithe a bhaint amach.**

## Na luachanna atá againn



## 2. Dul chun cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Póilíneachta 2016-2018 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 14 Iúil 2016 agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais ina dhiaidh sin é. Leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha, príomhghníomhaíochtaí agus táscairí feidhmíochta an Údaráis ar feadh na tréimhse trí bliana. Tá an dul chun cinn maidir le baint amach na gcuspóirí seo leagtha amach sa chaibidil seo.

**Toradh inmhianaithe 1 - Feabhas leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus úsáid a bhaint as acmhainní poiblí an Gharda Síochána ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| **Creat tomhais feidhmíochta agus cuntasachta atá éifeachtach curtha i bhfeidhm don Gharda Síochána** | • Tá idirchaidreamh leanúnach ar bun leis an nGarda Síochána maidir le feidhmíocht agus cuntasacht, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:<br>▪ Tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána leis an Údarás; agus<br>▪ maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh Phlean Póilíneachta 2017 ar bhonn míosúil;<br>• Bhunaigh an tÚdarás Tosaíochtaí Póilíneachta don bhliain 2018 i ndiaidh próiseas comhairliúcháin le réimse fairsing páirtithe leasmhara agus cuireadh in iúl iad do Choimisinéir an Gharda Síochána agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i Samhain 2017;<br>• Ullmhú Phlean Póilíneachta 2018 a d’fhaomh an tÚdarás in Eanáir agus a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais i bhFeabhra 2018;<br>• Idirchaidreamh le réimse páirtithe leasmhara le heolas a sholáthar don mheasúnú a bhí á dhéanamh ag an Údarás ar fheidhmíocht an Gharda Síochána;<br>• Cuireadh roinnt cruinnithe téamúla ar bun ar leibhéal Coiste faoi Phóilíniú Bóithre, Leanaí, Íospartaigh agus Póilíneacht Phobail. |
| **Nuachóiriú agus feabhsú córasach an Gharda Síochána** | • Ceithre thuarascáil ráithiúla a chur i gcrích don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a chuimsíonn cur i bhfeidhm mholtaí Cigireacht an Gharda Síochána in ‘An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú’, éachtaí i limistéir thosaíochta um fhorbairt na heagraíochta, agus forbairtí ar phríomhfheidhmeanna, ar nós Acmhainní Daonna agus TFC;<br>• Tionóladh aon chruinniú dhéag de chuid an Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Údaráis i gcaitheamh na bliana. Chuathas i ngleic iontu seo le príomhthéamaí ar nós na Samhla Roinne, chomhdhéanamh an lucht saothair, earcú sibhialtach, imlonnú chomhaltaí an Gharda Síochána ó dhualgais riaracháin go dualgais phóilíneachta, bainistíocht feidhmíochta agus seirbhísí d’íospartaigh;<br>• Anailís a dhéanamh ar thuairisciú míosúil ar an dul chun cinn a bhain tionscadail amach i gClár Nuachóirithe agus Athnuachana an Gharda Síochána; |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| | • Dul chun cinn agus tionchar an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana a léiriú trí chuairt a thabhairt ar shaoráidí, rannáin agus aonaid speisialaithe an Gharda Síochána ar fud na tíre;<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tionscnaimh nuachóirithe atá in ainm is dul i ngleic le moltaí tuairiscí tríú páirtí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht;<br>• Coimisinéir an Gharda Síochána agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí a cheistiú ag cruinnithe príobháideacha agus poiblí in 2017 maidir le cur i bhfeidhm moltaí a rinneadh i dtuarascáil Uí Uiginn;<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a rinne an Garda Síochána i dtabhairt faoi iniúchadh ar chultúr;<br>• Iniúchadh córas neamhspleách a dhéanamh ar na ceisteanna a bhaineann le Tástáil Éigeantach Alcóil agus Fógra Muirir Sheasta sa Gharda Síochána;<br>• Scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a tugadh chun solais trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhúnbhásuithe baile. |
| Socruithe agus struchtúir dhea-rialachais laistigh den Gharda Síochána | • Aighneacht chuimsitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta;<br>• Athbhreithniú deisce a dhéanamh ar cheisteanna áirithe rialachais sa Gharda Síochána arna choimisiúnú agus cáipéis phlé tugtha chun críche i Márta 2018 agus scaipthe ar an gCoimisinéir agus an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta mar bhonn ar a ndéanfar breis breithniú ar struchtúir agus socruithe rialachais;<br>• Cathaoirleach nua agus 4 chomhalta nua (3 chomhalta sheachtracha ina measc) arna gceapadh le Coiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána. |

**Toradh Inmhianaithe 2 - Cultúr ardfheidhmíochta agus luachanna eiticiúla atá láidir ar fud an Gharda Síochána**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| **Cód Eitice an Gharda Síochána a bhunú ina gcuimsítear (a) caighdeáin iompair agus chleachtais do chomhaltaí; agus (b) forálacha le héagóir a thabhairt le fios i measc chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána a spreagadh agus a éascú** | • Sheol Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na linne sin Cód Eitice an Gharda Síochána in Eanáir 2017, a chuir an tÚdarás i dtoll a chéile in 2016. I gcaitheamh 2017, rinne Coiste Eitice an Údaráis idirchaidreamh le bainistíocht an Gharda Síochána maidir le tabhairt isteach agus leabú an Chóid. Rinne comhaltaí agus foireann an Údaráis cur i láthair ag chéad sheoltaí an Chóid i Nollaig 2017. |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| **Córas ceapacháin atá dea-bhunaithe agus atá ag feidhmiú go hiomlán d'fhoireann go léir an Gharda  Síochána a thagann laistigh de théarmaí tagartha ceapacháin an Údaráis** | • Tugadh socruithe chun iomaíocht a roghnú do na céimeanna sinsearacha sa Gharda Síochána chun críche i gcomhairle leis an nGarda Síochána, lena n-áirítear Ráiteas Cleachtais agus Creataí Inniúlachta a fhorbairt;<br>• Tugadh faoi Iomaíocht Roghnaithe agus bunaíodh painéil iarrthóirí lena gceapadh le céimeanna Coimisinéara Chúnta (Márta), Ard-Cheannfoirt (Meitheamh) agus Ceannfoirt (Iúil);<br>• Forbraíodh agus tugadh faoi phróisis shoiléire d'iarrthóirí a raibh breithniú á dhéanamh orthu lena gceapadh leis na céimeanna seo in 2017;<br>• Ceapadh 31 iarrthóir, ar an iomlán, leis na céimeanna sinsearacha (4 Choimisinéir Chúnta, 8 nArd-Cheannfort agus 19 gCeannfort) i rith 2017;<br>• Próiseáladh iarrataí ar ghráid agus líonta foirne sibhialtaí ar gach leibhéal sa Gharda Síochána agus faomhadh 120 comhalta foirne sibhialtach, ar an iomlán (1 ar leibhéal ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin, 10 ar leibhéal Príomhoifigigh agus 110 ar ghrád Príomhoifigigh Chúnta agus faoina bhun). Ar an iomlán, ceapadh 7 nduine le gráid shibhialtacha shinsearacha sa Gharda Síochána (3 Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus 4 Phríomhoifigeach);<br>• Bunaíodh agus tacaíodh le grúpa oibre ilghníomhaireachta le maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil lucht saothair a fhorbairt agus sibhialtachú/ath-imlonnú Gardaí chuig dualgais túslíne agus rinneadh idirchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le dul chun cinn ar na tionscnaimh seo;<br>• Rinneadh idirchaidreamh leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i ndáil le hullmhú a dhéanamh do Choimisinéir nua an Gharda Síochána a earcú, maidir le comhairle a chur ar an Aire maidir leis an bpacáiste luach saothair agus riachtanais a ullmhú a bhaineann le le heolas, cumas agus oiriúnacht don phost ina measc siúd. |
| **Socruithe le haghaidh earcaíochta, oiliúna agus forbartha do chomhaltaí an Gharda Síochána agus d'fhoireann an Gharda Síochána a choinneáil faoi athbhreithniú** | • Thiomnaigh an tÚdarás cruinniú le hoiliúint a eisiúint i mBealtaine 2017 a cuireadh ar bun ag Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána;<br>• Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shonraí faoi oiliúint sa Gharda Síochána agus cuireadh achoimre ar a thátail agus a mholtaí san áireamh ina Aighneacht leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta;<br>• Ar iarraidh an údaráis, cuimsítear modúl ar mhaoirseacht an Údaráis, Cód Eitice ina measc, sa chlár oiliúna d'earcaithe an Gharda Síochána ar a bhfreastalaíonn foireann an Údaráis gach mí;<br>• Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, déanfaidh gach earcaí nua de chuid an Gharda Síochána síniú leis an gCód Eitice mar chuid dá bhfianú. |

**Toradh inmhianaithe 3 – Feasacht agus rannphháirtíocht pobail láidir maidir le ceisteanna póilíneachta**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| **Caidreamh oibre éifeachtach a bheith le príomhpháirtithe leasmhara** | • Forbraíodh agus faomhadh Straitéis Cumarsáide don Údarás.<br>• Tá próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm le cumarsáid a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara, leis na meáin agus leis an bpobal, trí chruinnithe poiblí, imeachtaí eile, comhairliúchán agus rannpháirtíocht eile;<br>• Rannpháirtíocht chuiditheach leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus le Cigireacht an Gharda Síochána;<br>• Raon ábhair foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis d'fhonn trédhearcacht a sholáthar ar obair an Údaráis do pháirtithe leasmhara agus don phobal;<br>• Rannpháirtíocht a dhéanamh le Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus le hÚdarás Póilíneachta na hAlban. |
| **Bíonn pobail rannpháirteach go gníomhach leis an nGarda Síochána trína Chomhchoistí Póilíneachta ar bhealach a dhéanann cosc ar choireacht a éascú agus a chuireann feabhas ar shábháilteacht agus ar an gcaighdeán saoil do shaoránaigh** | • D'fhreastail comhaltaí agus foireann an Údaráis ar 15 Chomhchruinniú an Choiste Póilíneachta ar fud na tíre;<br>• Cuireadh imeacht comhairliúcháin ar siúl in Iúil 2017 le Cathaoirligh Chomhchoistí Póilíneachta, Príomhfheidhmeannaigh Údarás Áitiúil, agus ionadaithe ón nGarda Síochána chun plé a dhéanamh ar cheisteanna lenar bhain spéis, Tosaíochtaí Póilíneachta 2018 a fhorbairt ina measc. |
| **Feasacht an phobail ar cheisteanna póilíneachta a fheabhsú** | • Reáchtáil an tÚdarás cúig chruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána go poiblí agus rinneadh cruinnithe a shruthú go beo agus bhí taifeadtaí ar fáil le hamharc orthu ar líne;<br>• Rinneadh comhairliúchán poiblí a chur ar siúl ar Thosaíochtaí Póilíneachta 2017 trí láithreán gréasáin an Údaráis;<br>• Foilsíodh cáipéisí, cláir oibre, miontuairiscí cruinnithe, tuarascálacha agus cáipéisí eile ar láithreán gréasáin an Údaráis;<br>• Eolas curtha ar fáil don phobal trí rannpháirtíocht leis na meáin, lena n-áirítear, preasocáidí, preasráitis, agallaimh agus freagairtí ar cheisteanna. |

**Toradh inmhianaithe 4 - Dhírigh an tÚdarás, mar eagraíocht lena mbaineann ardfheidhmíocht, nuálaíocht, freagracht agus eagraíocht a bhfuil meas uirthi, ar a fhís agus ar a mhisean**

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| **A bheith mar eagraíocht éifeachtach ina bhfuil cultúr ardfheidhmíochta** | • Leanadh le forbairt a dhéanamh ar chumas acmhainní daonna na heagraíochta trí earcaíocht agus forbairt foirne a bhfuil an taithí, scileanna agus eolas cuí acu. Earcaíodh 31 den líon soláthair foirne agus thosaigh siad ag oibriú san Údarás faoi dheireadh na bliana agus chuaigh 39 comhalta foirne breise leis an Údarás sa chéad ráithe in 2018;<br>• Cuireadh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) na foirne i bhfeidhm agus cuireadh oiliúint agus forbairt ar fáil don fhoireann;<br>• Nuashonraíodh Cód Iompair agus Buanorduithe an Údaráis agus rinneadh nuashonrú nó forbairt ar réimse cáipéisí agus nósanna imeachta Rialachais eile;<br>• Leanadh le hobair Choistí a chur chun cinn agus tacaíodh leis i gcaitheamh na bliana. Áiríodh leis seo Coiste nua a bhunú agus nuashonrú a dhéanamh ar na Téarmaí Tagartha do na Coistí go léir.<br>• Cuireadh Tosaíochtaí Corparáideacha agus pleananna gnó dúshlánacha i bhfeidhm don bhliain agus soláthraíodh iad den chuid ba mhó (féach Aguisín 1) anuas ar chlár tábhachtach tionscadal breise a tháinig chun solais i rith na bliana;<br>• Tionóladh 19 gcruinniú den Údarás. Tionóladh cúig cinn go poiblí, agus d'fhreastail go leor leor comhaltaí den Údarás orthu;<br>• Tugadh faoi athbhreithniú éifeachtacht féinmheasúnaithe ar an Údarás agus ullmhaíodh athbhreithniú cuimsitheach ar fheidhmíocht an Údaráis agus ar leordhóthanacht a fheidhmeanna reachtúla faoi Alt 62(O) den Acht agus cuireadh faoi bhráid an Aire iad;<br>• Leanadh le córais agus nósanna imeachta a fhorbairt ar mhaithe leis an Údarás a riar i gcaitheamh na bliana, cinn le haghaidh bainistíocht riosca agus iniúchóireacht inmheánach ina measc. Cuireadh córais bharrfheabhsaithe TFC i bhfeidhm, córais físchomhdhála, bhainistíochta cáipéisí agus athfhorbartha láithreán gréasáin an Údaráis ina measc, nó rinneadh iad a thosú;<br>• Tugadh chéad Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Leithreasa an Údaráis chun críche i Márta 2017;<br>• Bunaíodh cumas taighde intí san Údarás. |
| **Tuarascálacha tráthúla agus cuí a chur ar fáil don Aire agus comhairle a thabhairt maidir le ceisteanna póilíneachta.** | • Cuireadh aighneachtaí agus comhairle faoi bhráid an Aire ar bhealach tráthúil agus chuathas i mbun gnímh ar iarrataí a rinne an tAire, an méid seo a leanas ina measc:<br>    • Rinneadh maoirseacht ar chur i bhfeidhm Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána "An Phóilíneacht in Éirinn a |

| Cuspóirí | Éachtaí in 2017 |
|---|---|
| | Athrú" ag an nGarda Síochána;<br>• Rinneadh maoirseacht ar shainaithint post sa Gharda Síochána atá oiriúnach lena n-athimlonnú ag teacht le beartais Rialtais "Civilian by default";<br>• Cuireadh an chéad tuarascáil ráithiúil faoi bhráid an Aire i nDeireadh Fómhair 2017 ar chur i bhfeidhm mholtaí Choimisiún Fennelly ag an GS i gcomhréir le halt 62(O)(6) an Achta;<br>• Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Aire in Iúil agus Deireadh Fómhair ar Dhul chun Cinn ar Chur i bhFeidhm mholtaí na Tuarascála Eatramhaí ar Nósanna Imeachta Airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána i gcomhréir le halt 62(O)(6) an Achta;<br>• Freagairt ar chomhairliúchán ar fhiosrúcháin Alt 42;<br>• Comhairle a sholáthar don Aire i dtaobh na n-acmhainní is dóchúil a bheidh ag teastáil ón nGarda Síochána chun tabhairt faoina fheidhmeanna i mbliain airgeadais 2018. |

I gcomhréir leis an Ráiteas Straitéise seo agus le hiarrataí breise a rinne tAire a chur san áireamh, leag an tÚdarás a Thosaíochtaí Corparáideacha amach don bhliain 2017 ag tús na bliana chun é a threorú chun tús áite a thabhairt dá obair in 2017. Leagtar amach stádas bhaint amach na dtosaíochtaí seo, chomh maith, ar mhaithe le faisnéis ag Aguisín 1.

## 3. Gné-Alt: Ceapacháin le céimeanna sinsearacha an Gharda Síochána.

Ba í seo an chéad bhliain inar chuir feidhmeanna an Údaráis iomaíocht roghnaithe ar bun agus inar cheap sé daoine le céimeanna Coimisinéara Chúnta, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt sa Gharda Síochána. Cuireadh tús le feidhmeanna an Údaráis le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 agus faoin 23 Eanáir, d'fhógair an tÚdarás a chéad iomaíocht – le haghaidh céim Choimisinéara Chúnta. Faoin 13 Iúil, bhí iomaíocht ar bun agus bunaíodh painéil iarrthóirí do gach ceann de na trí chéim. Chuir an tÚdarás fáilte roimh thosú na bhfeidhmeanna seo mar gharsprioc shuntasach in athchóiriú agus nuachóiriú na seirbhíse póilíní in Éirinn, agus ba é seo an chéad uair a rinne comhlacht seachtrach neamhspleách ceapacháin le céimeanna sinsearacha an Gharda Síochána.

Cuireadh tús le hullmhúcháin chun glacadh lena fheidhmeanna reachtúla ceapachán in 2016 nuair a bunaíodh an Coiste Ceapachán. Nuair a bhí an réiteach á dhéanamh don iomaíocht, tugadh faoi thaighde agus comhairliúchán faoi dhea-chleachtas i dtaobh próisis roghnaithe agus earcaíochta agus na riachtanais do na róil a bhí i gceist agus rinneadh aighneacht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaobh fhrámú na rialachán chun an próiseas a rialú.

Rinneadh an cinneadh chun glacadh le cur chuige éabhlóideach, seachas réabhlóideach, i leith dhearadh chéad iomaíocht an Údaráis i gcomhthéacs an amfhráma ghearr a bhí ar fáil leis an bhfeidhm a bhunú agus leis an gcéad iomaíocht a reáchtáil agus ar mhaithe caitheamh go cothrom leis na hiarrthóirí, a mbeadh gach athrú a dhéanfaí ar an bpróiseas úrnua dóibh. Ina ainneoin sin, rinneadh roinnt príomhathruithe ar an iomaíocht, an méid seo a leanas ina measc:

- Osclaíodh cáilitheacht do gach céim aníos ó chéim Chigire a airde sa Gharda Síochána agus i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, agus rinne seo an grúpa iarrthóirí a bhí ag cur isteach ar gach iomaíocht a fhairsingiú, ar an gcaoi sin;
- Léiríodh sna creataí inniúlachta na riachtanais phóilíneachta agus cheannaireachta do róil shinsearacha;
- Bhí foirmeacha iarratais agus nósanna imeachta le haghaidh aontú maoirseora ní ba ghiorra agus ní b'éifeachtaí;
- Den chéad uair, tugadh gearrliostú isteach do gach iomaíocht chun na hiarrthóirí is oiriúnaí a shainaithint lena dtabhairt a fhad le hagallamh;
- Cuireadh céimeanna breise san áireamh sa phróiseas agallaimh, an dara hagallamh, go sonrach, san iomaíocht le haghaidh Coimisinéir Cúnta agus Ard-Cheannfoirt. Anuas air sin, cuireadh cur i láthair san áireamh don agallamh deiridh do gach ceann de na trí iomaíocht.


Chuir an tÚdarás Ráiteas Cleachtais i bhfeidhm chun tabhairt faoin iomaíocht agus dearadh an fhormáid agus an próiseas do gach ceann den iomaíocht roghnaithe. Cuireadh próisis agus dea-chleachtas reatha san áireamh in earcaíocht na seirbhíse poiblí agus i seirbhísí póilíní i ndlínsí eile. Rinneadh príomhchinneadh chun próiseas fadtréimhseach a sheachaint agus an iomaíocht a chur ar bun go mear agus go héifeachtúil, agus i gcomhthráth, i gcomhréir le le dea-chleachtas agus próiseas cothrom do gach iarrthóir. Fógraíodh an chéad iomaíocht, ceapachán le céim Choimisinéara Chúnta, go déanach in Eanáir 2017, agus tugadh an iomaíocht trí chéim chun críche an 22 Márta i ndiaidh gur bunaíodh painéal iarrthóirí agus rinneadh an chéad cheapachán leis an gcéim an 23 Márta.

Ag trácht di ar an gcéad cheapachán a rinne an tÚdarás le céim Choimisinéara Chúnta, dúirt Cathaoirleach an Údaráis, Josephine Feehily, gurbh ionann é agus "*tráth stairiúil i dteacht chun cinn na póilíneachta in Éirinn*" agus luaigh sí "*níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhacht chultúrtha a bhaineann le ceapacháin Ghardaí sinsearacha a dhípholaitiú*

*agus den tionchar eagraíochtúil a imrítear nuair is gá d'iarrthóirí iarratas ar ardú céime a sheoladh chuig an Údarás, seachas Coimisinéir an Gharda Síochána nó Ceanncheathrú an Gharda Síochána".*

Fógraíodh an iomaíocht le haghaidh Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt i Márta agus Bealtaine agus, i ndiaidh tabhairt faoin iomaíocht, bunaíodh painéil an 29 Meitheamh agus an 13 Iúil, faoi seach. Taispeántar an amlíne i bhFíor 1 thíos.

**Fíor 1 - Amlíne Iomaíochta 2017**




Ón tosach, áiríodh leis na prionsabail uileghabhálacha a rialaigh roghnú le haghaidh ceapacháin tiomantas do thrédhearcacht iomlán agus na caighdeáin is airde de macántacht, ionracas, cothroime agus de cheapachán bunaithe ar fhiúntas. Bhí na próisis ar aon dul le dea-chleachtas earcaíochta. Cuimsíodh na prionsabail seo sa Ráiteas Cleachtais chun tabhairt faoi gach iomaíocht inar leagadh amach na prionsabail a rialaigh an iomaíocht lena chinntiú gur cuireadh caighdeáin dea-chleachtais i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Thug boird roghnaithe faoin bpróiseas roghnaithe a cheap an tÚdarás, ina raibh 4 nó 5 chomhalta i ngach ceann, Cathaoirleach seachtrach neamhspleách, ionadaí de Choimisinéir an Gharda Síochána, faoi mar a cheanglaítear sna rialacháin, saineolaí neamhspleách póilíneachta agus, i gcás na hiomaíochta ní ba shinsearaí, comhalta amháin den Údarás, ar a laghad. B'agallóirí oilte taithíocha comhaltaí an bhoird roghnaithe ar cuireadh oiliúint bhreise orthu agus ar tugadh faisnéis bhreise dóibh maidir le próiseas an Údaráis agus an ról. Bhí ionadaí den Údarás Póilíneachta i láthair ag gach agallamh lena chinntiú gur tugadh faoi imeachtaí i gcomhréir le próiseas roghnaithe an Údaráis.

I ndiaidh agallaimh dheiridh, chuir an Bord roghnaithe iarrthóirí a measadh a bhí oiriúnach in ord fiúntais agus bhunaigh an tÚdarás painéil. Ar an iomlán, rinneadh 31 ceapachán ó na painéil seo i rith 2017. Leagtar amach staitisticí iomaíochta in Aguisín 2.

Thug soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis faoi iniúchóireacht neamhspleách ar an bpróiseas roghnaithe i bhFómhar 2017, agus fuarthas aiseolas dearfach ar an bpróiseas. B'éard a deimhníodh, ar an iomlán, go raibh an próiseas daingean, trédhearcach agus i gcomhréir le creat reachtúil agus Ráiteas cleachtais agus bronnadh an grádú is airde 'A' ar na córais agus nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm.

## 4. Rialachas agus Struchtúr

### 1. Comhaltaí an Údaráis

Tá ballraíocht an Údaráis comhdhéanta de chathaoirleach agus d'ochtar gnáthchomhaltaí. Faoin reachtaíocht, ceaptar comhaltaí an Údaráis ar feadh téarma 3 nó 4 bliana agus d'fhéadfaí iad a cheapadh arís ar feadh téarma eile faoi réir ag uasmhéid d'ocht (8) mbliana. Chuaigh comhalta amháin den Údarás ar scor le héifeacht ón 28 Iúil 2017 chun glacadh le post ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta agus níor ionadaíodh an comhalta sin.

Níl comhaltaí den Oireachtas ná de na hÚdaráis Áitiúla, comhaltaí den Gharda Síochána atá ag fónamh, an GSOC ná Cigireacht an Gharda Síochána i dteideal a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Roghnaíodh Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis trí cheapachán Rialtais tar éis próisis roghnúcháin a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Bhí an Cathaoirleach fostaithe ar bhonn lánaimseartha don bhliain 2017 fostaíodh na comhaltaí eile ar bhunús tiomantais do 4-6 lá in aghaidh na míosa.

Tá Comhaltaí an Údaráis liostaithe sa tábla thíos chomh maith le heolas maidir lena dtéarma oifige, cruinnithe Údaráis ar freastalaíodh orthu le linn na bliana 2017 agus aon táillí agus costais a íocadh leo don bhliain 2017 a d'eascair ó fheidhmiú a gcuid dualgas.

| Comhalta an Údaráis | Éag téarma | Cruinnithe an Údaráis ar ar freastalaíodh | Coiste agus Cruinnithe Ionadaíochta[1] | Táille Bhliantúil 2017[2] € | Costais 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Josephine Feehily (Cathaoirleach)** | 31/12/2019 | 19 | 25 | 64,900 | 2,067 |
| **Noel Brett** | 31/12/2019 | 16 | 11 | 14,963 | 0 |
| **Bob Collins** | 31/12/2019 | 19 | 19 | 14,963 | 0 |
| **Vicky Conway**[3] | 28/07/2017[4] | 10 | 10 | - | 489 |
| **Pat Costello** | 31/12/2018 | 18 | 19 | 14,963 | 0 |
| **Judith Gillespie** | 31/12/2019 | 17 | 20 | 14,963 | 6,211 |
| **Valerie Judge** | 31/12/2018 | 17 | 14 | 14,963 | 30 |
| **Maureen Lynott** | 31/12/2019 | 18 | 11 | 14,963 | 0 |
| **Moling Ryan** | 31/12/2018 | 18 | 15 | 14,963 | 0 |

[1] Cuireadh 41 cruinniú Coiste ar bun, ar an iomlán. Anuas air sin, rinne Comhaltaí ionadaíocht don Údarás ag roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile i gcaitheamh na bliana.
[2] D'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na táillí a íocadh le Comhaltaí an Údaráis.
[3] Mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí, ní bhfuair Comhalta amháin aon táillí faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.
[4] Chuaigh Comhalta amháin den Údarás ar scor ón Údarás an 28 Iúil 2017 agus ceapadh an comhalta sin ina dhiaidh sin mar chomhalta seachtrach an Choiste Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta faoi Alt 62K(3)(a) den Acht.

## 2. Coistí an Údaráis

Bhunaigh an tÚdarás líon Coistí sa bhliain 2016 le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus le hobair an Údaráis maidir lena chuid tosaíochtaí reachtúla a chur chun cinn. Bunaíodh gach aon Choiste faoi théarmaí tagartha a leagan amach a gcuspóir, a threoraíonn a gcuid oibre agus a leagan amach mionsonraí maidir le hábhair a tharmligtear chuig an gCoiste le haghaidh cinnidh. Anuas air sin, lean dhá cheann de na Coistí a bunaíodh in 2016 lena gcuid oibre faoi na Téarmaí Tagartha leasaithe. Tá na Téarmaí Tagartha do gach aon Choiste agus a mhiontuairiscí faofa cruinnithe in 2017 foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis Phóilíneachta.

Is buanmhír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Údaráis iad nuashonruithe, mar a gcuireann Cathaoirleach gach aon Choiste nuashonrú ó bhéal ar fáil don Údarás maidir le hobair an Choiste. Cuirtear páipéir faoi bhráid ina leagtar amach ábhair le haghaidh chinneadh nó chead an Údaráis a eascraíonn ó obair na gCoistí, lena mbreithniú ag cruinnithe Údaráis.

Cuirtear acmhainní rúnaíochta ar fáil do gach Coiste, agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas maidir le haon obair a bhféadfadh tuilleadh acmhainní a bheith i gceist léi.

Bhí cúig choiste i bhfeidhm in 2017. Tá gach comhalta den Údarás ina gcomhaltaí de choiste amháin, ar a laghad, seachas an Cathaoirleach, a mbeidh ar a cumas, cé nach bhfuil sí ina comhalta d'aon Choiste, freastal ar chruinniú coiste ó am go ham. Chomh maith leis sin, tá beirt chomhaltaí sheachtracha ann den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá comhalta seachtrach ina chathaoirleach ar an gCoiste um Rialachas Roghnaithe agus um Dhearbhú Cáilíochta Ceapachán an Gharda Síochána ar saineolaí sinsearach neamhspleách earcaíochta é agus áirítear le ballraíocht an Choiste seo comhalta den fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearaigh, chomh maith. I Meán Fómhair 2017, ceapadh comhalta seachtrach leis an gCoiste Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta. Tá mionsonraí maidir le gach aon choiste, mar aon le ballraíocht agus cruinnithe sa bhliain 2017 leagtha amach thíos:

| Coiste | Ballraíocht | Cruinnithe in 2017 |
|---|---|---|
| **Iniúchóireacht agus Riosca** | Moling Ryan (Cathaoirleach)<br>Ronan Nolan (Comhalta Seachtrach)<br>Melanie Pine (Comhalta Seachtrach) | **5** |
| **Cód Eitice** | Pat Costello (Cathaoirleach)<br>Bob Collins<br>Vicky Conway (a fhad le Meitheamh 2017 )<br>Judith Gillespie | **9** |
| **Rialachas um Roghnú agus Dearbhú Cáilíochta Ceapachán an Gharda Síochána** | Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta Seachtrach)<br>Valerie Judge<br>Maureen Lynott<br>Moling Ryan<br>Aileen Healy (Comhalta Feidhmiúcháin) | **4** |
| **Forbairt Eagraíocht an Gharda Síochána** | Bob Collins (Cathaoirleach)<br>Noel Brett [5]<br>Pat Costello<br>Valerie Judge<br>Moling Ryan [6] | **11** |

[5] Ba chomhalta de Choiste um Fhorbairt Eagraíocht an Gharda Síochána an tUasal Brett go dtí Márta 2017.
[6] Rinneadh comhalta de Choiste um Fhorbairt Eagraíocht an Gharda Síochána den Uasal Ryan in Aibreán 2017.

| | | |
|---|---|---|
| **Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta** | Judith Gillespie (Cathaoirleach)<br>Noel Brett<br>Vicky Conway (Imithe ar scor in Iúil 2017 agus ceaptha mar chomhalta seachtrach ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh)<br>Maureen Lynott | **12** |

## 3. An Fhoireann Feidhmiúcháin

Is é ról na Feidhmeannachta, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, beartais agus cinntí an Údaráis a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, is é ról na foirne bainistíochta sinsearaí an tÚdarás a choinneáil ar an eolas trína chruinnithe rialta maidir le forbairtí ábhartha (lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha) agus tacaíocht a thabhairt d'obair an Údaráis trí thacaíocht, eolas agus saineolas ábhartha a sholáthar maidir le rialachas agus le forbairt beartas ar leibhéal Údaráis agus ag leibhéal Coiste araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Chomh maith leis sin, is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus is freagracht ar leith í seo ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

Tá an fhoireann bhainistíochta sinsearaí liostaithe thíos:

| Ról | Ainm |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | Helen Hall |
| Ceann Seirbhísí Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha agus Rúnaí leis an Údarás | Aileen Healy |
| Ceann Dlí, Beartais agus Taighde | Catherine Pierse |
| Ceann Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | Margaret Tumelty |

Íocadh tuarastal €134,469 leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2017, ar scála tuarastail Rúnaí Chúnta sa státseirbhís, arbh ionann é agus an méid a bhí faofa ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh costais €1,277 leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2017 a d'eascair as feidhmiú a cuid dualgas.

## 4. An bealach a oibrímid

<u>Cruinnithe an Údaráis</u>

Beartaíonn an tÚdarás gnáth-lánchruinniú ar feadh an lae gach aon mhí seachas i mí Lúnasa. Áirítear le gach cruinniú, cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le foireann shinsearach an Gharda Síochána. Ceanglaíonn an tAcht ar an Údarás líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána ar bhonn bliantúil. Foilsítear sceideal de chruinnithe na bliana roimh ré, lena n-áirítear cén cruinniú a thionólfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Tionólfaidh an tÚdarás, ó am go ham, cruinnithe breise nó eisceachtúla ar bhonn riachtanais, a d'fhéadfadh cruinnithe le Coimisinéir an Gharda Síochána a thabhairt san áireamh. Anuas ar 11 chruinniú a bhí sceidealaithe in 2017, cuireadh 8 gcruinniú bhreise ar bun in 2017 chun déileáil le saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

Cuirtear na cruinnithe a thionóltar go poiblí leis an gCoimisinéir in ionad poiblí agus tá cead isteach ag an bpobal agus ag na meáin. Fógraítear na cruinnithe sin roimh ré ar láithreán gréasáin an Údaráis. Déantar iad a shruthú beo trí láithreán gréasáin an Údaráis, tá siad ar fáil do na meáin lena gcraoladh agus tá taifid chartlainne ar fáil le féachaint orthu ar chainéal YouTube an Údaráis.

In 2017, chas an tÚdarás 19 n-uair, ar an iomlán, le Coimisinéir an Gharda Síochána agus/nó foireann shinsearach an Gharda Síochána 11 uair de na tráthanna seo, agus cuireadh cúig cinn díobh siúd ar bun go poiblí.

Foilsíonn an tÚdarás an dréachtchlár do chruinnithe ar a láithreán gréasáin uair sa tseachtain roimh ré agus foilsítear miontuairiscí faofa ar an láithreán gréasáin, chomh maith. In 2017, foilsíodh tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána leis an Údarás ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána agus an Údaráis.

Déanann an tÚdarás soláthar do chruinnithe príobháideacha a chur ar siúl ag gach cruinniú míosúil gan an Fheidhmeannacht a bheith i láthair agus cuireadh seo ar fáil dhá uair déag i rith 2017.

<u>Trédhearcacht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara</u>

Ar aon dul leis an ardluach a léiríonn an tÚdarás ar oscailteacht agus trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara i gcaitheamh a oibríochtaí laethúla:

- cláir agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis;
- cruinnithe a chur ar siúl go poiblí, trí chomhairliúcháin a chur ar bun le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal agus idirchaidreamh díreach a dhéanamh le páirtithe leasmhara, ar nós na gcomhchoistí póilíneachta agus na sochaí sibhialta; agus
- tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.

## 5. Socruithe Rialachais

Bunaítear an tÚdarás Póilíneachta mar chomhlacht ag a bhfuil neamhspleáchas go reachtúil. I gcleachtadh a fheidhmeanna reachtúla, tá an tÚdarás go hiomlán neamhspleách agus mar chomhlacht a chistítear go poiblí, bíonn sé cuntasach go cuí leis an Oireachtas agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá an Creat foriomlán Rialachais agus Rialaithe laistigh den Údarás treoraithe ag an méid seo a leanas:

- Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú;
- an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, lenar ghlac an tÚdarás;
- an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a gceanglaítear ar an Údarás a chomhlíonadh i gcomhthéacs a chistithe trí Vóta Státchiste;
- moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Chuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);
- An Cód Eitice don Gharda Síochána, lenar glacadh, sa chás gurb infheidhme, ag an Údarás;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí
- An reachtaíocht, beartais agus ciorcláin rialtais agus seirbhíse poiblí siúd eile amhail a bhaineann le heagraíochtaí státseirbhíse.

Creat Rialachais

Leagtar amach na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás go mionsonraithe i gcáipéis Chreat Rialachais an Údaráis. Tacaíonn sraith cáipéisí eile rialachais leis seo, an méid seo a leanas ina measc:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus don fhoireann;
- Buanorduithe;
- Scéim tarmligin agus ceisteanna atá forchoimeádta don Údarás;
- Ráiteas Straitéise 2016-18; agus
- Creat Rialachais - Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Athbhreithníodh na cáipéisí seo faoi mar ba chuí i rith 2017 chun athruithe a léiriú a eascraíonn as athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i bhFómhar 2016 agus aon eile athruithe eile a measadh a bhí riachtanach. Foilsítear na cáipéisí seo ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Freagrachtaí

Tá tÚdarás freagrach as an méid seo a leanas:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a stiúradh agus a threorú;
- gach oibleagáid reachtúil infheidhme a chomhlíonadh;
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus as an bhainistíocht sinsearach a choinneáil cuntasach as feidhmiú éifeachtach a gcuid freagrachtaí;
- ceisteanna a bhaineann le hiniúchóireacht, rialachas agus bainistíocht riosca;
- a chinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha atá éifeachtach i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm;
- ullmhú agus as glacadh le plean straitéiseach; agus
- ullmhú na tuarascála bliantúla seo de chuid an Údaráis.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás ó thaobh a cuid dualgas a fheidhmiú agus as eolas den sórt a sholáthar maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo, de réir mar a éilíonn an tÚdarás ó am go ham.

Feidhmíonn an tÚdarás faoi fhoráil airgeadais a fhaigheann maoiniú faoi Vóta na Dála ar bhonn bliantúil, agus is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin.

Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta caighdeáin maidir le prionsabail agus cleachtais a rialaíonn iompar na gComhaltaí agus na foirne san Údarás Póilíneachta. Is é cuspóir an Chóid:

- Sraith prionsabal eitice comhaontaithe a bhunú do Chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis;
- Forbairt nó glacadh le cleachtais mhí-eiticiúla a sheachaint; agus
- Muinín agus iontaobhas sna Comhaltaí a chur chun cinn agus a choinneáil.

Trí príomhphrionsabail a leagan amach nach mór do na comhaltaí agus don fhoireann cloí leo, eadhon:

- Feidhmiú ar mhaithe le leas an Phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;

- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus
- Cothroime.

Tacaíonn an Cód le tiomantas an Údaráis feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde iompair gnó agus ullmhaíodh an cód chun cuidiú le Comhaltaí agus le foireann an Údaráis a gcuid dualgas, cearta agus oibleagáidí a thuiscint. Ceanglaíonn sé, ina theannta sin, ar Chomhaltaí agus an fhoireann chun cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána.

Coinbhleacht Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloíonn comhaltaí agus foireann an Údaráis le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus le forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, sa chás gur infheidhme. Chomh maith leis sin, de réir Chód Iompair an Údaráis Phóilíneachta do Chomhaltaí agus don Fhoireann, cláraíonn comhaltaí an Údaráis a gcuid leasa i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad. I rith 2017, athbhreithníodh an Cód Iompair chun breisiúcháin a thabhairt le fios maidir le déileáil le coinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs iomaíocht roghnaithe a reáchtáil an tÚdarás agus cúinsí eile ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa eascairt. Comhlánaíonn comhaltaí uile an Údaráis tuairisceán bliantúil Eitice i gcomhréir le ceanglais an Achta um Eitic in Oifig Poiblí.

Buanorduithe

Leagtar amach i mBuanorduithe an Údaráis na nósanna imeachta faoina dtugann an tÚdarás a ghnó.

Scéim Tarmligin

Rinne an tÚdarás comhaontú ar scéim tarmligin don Údarás. Leagtar amach ann seo:

- Údarás tarmligthe don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach le caiteachas a cheadú faoi na tairseacha comhaontaithe;
- Ceisteanna a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid atá siad seo tarmligthe do Choiste de chuid an Údaráis, an Príomhfheidhmeannach nó atá forchoimeádta don Údarás.

Measúnú Feidhmíochta

Tugadh faoi mheasúnú cuimsitheach ar éifeachtacht an Údaráis sa tríú ráithe in 2017 i gcomhréir le halt 62(O) den Acht agus chun ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe seo chur faoi bhráid an Aire agus foilsíodh ar láithreán gréasáin an Údaráis. Ina theannta sin, ghlac comhaltaí páirt i suirbhé féinmheasúnaithe an Údaráis ar fheidhmíocht i rith na bliana.

Maoirseacht na Máthar-Roinne

Tá Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh (Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta ina measc) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina ndéantar cur síos soiléir ar chaidreamh na Roinne leis an Údarás. Déantar cur síos ann, chomh maith, ar phríomhról, freagrachtaí agus tacaíocht atá mar bhonn taca leis an gcaidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn ar thaobh amháin den phingin, agus idir an tAire agus an tOireachtas ar an taobh eile den phingin. Déanann an comhaontú seo a léiriú agus a dhoiciméadú a mhéid a oiriúnaítear go cuí riachtanais chomhlíonta an Chóid Chleachtais do chúinsí (méid agus neamhspleáchas) an Údaráis.

Éilíonn líon feidhmeanna de chuid an Údaráis Phóilíneachta atá leagtha amach san Acht ar an Údarás dul i gcomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas maidir le hábhair éagsúla nó comhairle a chur ar an Aire nó ar Rialtas maidir le hábhair éagsúla nó eolas a roinnt leo.

Bíonn cruinnithe idirchaidrimh ar siúl idir bainistíocht shinsearach na Roinne agus an tÚdarás ar bhonn ráithe le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar mhíreanna comhleasa a bhreithniú maidir le sainchúram an Údaráis. Mar chuid de na socruithe nua maidir le cuntasacht agus maoirseacht póilíneachta, beidh cruinniú amháin, ar a laghad, ar siúl idir an Roinn, an Garda Síochána agus an tÚdarás gach aon bhliain, le súil le hábhair a eascraíonn maidir le seirbhísí póilíneachta agus le freagrachtaí éagsúla gach aon eagraíochta a phlé agus a bhreithniú.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta, atá comhdhéanta de bheirt chomhaltaí ó lasmuigh den Údarás, mar aon le comhalta amháin den Údarás, i mí Iúil 2016 faoi Chairt Iniúchóireachta agus Riosca agus chas sé ar a chéile 5 huaire in 2017. Cuireann an Coiste comhairle neamhspleách ar an Údarás agus ar an Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear ó thaobh oiriúnacht agus theacht aniar rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bhainistíocht riosca agus chórais agus nósanna imeachta na heagraíochta.

Bainistíocht Riosca

D'fhorbair an tÚdarás córas bainistíochta riosca agus bhunaigh sé clár rioscaí foirmiúil i Meitheamh 2017. Áiríodh leis seo measúnú mionsonraithe ar phríomhrioscaí an Údaráis, cur síos ar ina measc ar na rioscaí agus na rialuithe inmheánacha agus na bearta seo chun riosca a mhaolú. Tá an clár rioscaí á chothabháil ag Príomhoifigeach Riosca an Údaráis agus déantar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun rioscaí nua atá ag teacht chun solais ar gach leibhéal san eagraíocht agus athruithe ar rialuithe chun rioscaí a mhaolú. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Clár Rioscaí a athbhreithniú gach ráithe. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár iomlán ar a laghad uair sa bhliain. Buanmhír is ea bainistíocht riosca ar chlár cruinnithe míosúla an Údaráis agus déantar athbhreithniú ar Thuarascáil Ardriosca mhíosúil agus pléitear rioscaí ar leith. Téitear i ngleic le riosca agus bearta chun riosca a mhaolú i gcomhthéacs phlé agus chinntí uile suntasacha an Údaráis. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta agus buanmhír iad ag cruinnithe bainistíochta.

Córas Rialuithe Inmheánacha

Tá córais agus nósanna imeachta daingne agus éifeachtacha rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san Údarás chun comhlíonadh phrionsabail, riachtanais agus threoirlínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí, faoi mar is cuí, a chinntiú agus chun maolú a dhéanamh in aghaidh riosca. Thug an soláthraí Iniúchóireachta Inmheánaí faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go ndearnadh breithniú ar gach gné de bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach don bhliain agus chun dearbhú a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh.

Iniúchóireacht Inmheánach

Déantar feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí don Údarás a sheachfhoinsiú le Crowleys DFK i ndiaidh próiseas soláthair go déanach in 2016. Soláthraítear an tseirbhís faoi Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí. Tá Clár Oibre Iniúchóireachta Inmheánaí trí bliana i bhfeidhm agus tugadh faoi cheithre iniúchtaí inmheánacha in 2017 ar aon dul leis an bplean.

Soláthar

De réir an Chóid Caiteachais Phoiblí atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a thugtar faoi gach gníomhaíocht soláthair agus bhí Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don bhliain 2017. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Lorgaítear cead foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don chaiteachas go léir atá os cionn na tairsí comhaontaithe.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí go léir do thuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás sa bhliain 2017, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndéanann an tÚdarás monatóireacht ar chaiteachas ina choinne, trí thagairt do bhaint amach dualgas reachtúil an Údaráis ar feadh na bliana;
- Forléargas airgeadais a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil;
- Cuirtear tuairiscí foirmiúla ar chaiteachas iarbhír i gcoinne buiséad faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil agus tuairiscítear don Údarás iad gach aon mhí;
- Déantar ionadaíocht ar an Údarás ag cruinnithe Coiste Bainistíochta Airgeadais Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas an Ghrúpa Vótaí agus le plé a dhéanamh ar aon saincheisteanna airgeadais coitianta agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua;
- Ullmhaítear agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Cuntas Leithreasa Bliantúil lena iniúchadh; agus
- Cuirtear tuairiscí ábhartha agus tráthúla ina bhfuil eolas Airgeadais agus eolas neamh-Airgeadais ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta. Glacann sé na céimeanna seo a leanas freisin ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla seo a leanas, sa chás gur infheidhme.

- Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéir Cosanta Sonraí de réir mar a cheanglaítear le dlí. Tá beartas Cosanta Sonraí an Údaráis comhdhéanta de shraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar ocht Riail Cosanta Sonraí lena chinntiú go bhfuil na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 á gcomhlíonadh. Tá ullmhúcháin a bhain ardchéim amach ar bun lena chinntiú go gcomhlíontar na

Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí atá le cur i bhfeidhm i mBealtaine 2018 agus déanann Oifigeach um Chosaint Sonraí ag a bhfuil líne dhíreach thuairiscithe leis an bPríomhfheidhmeannach bainistíocht orthu.

- <u>Saoráil Faisnéise</u>

Cuireann an tÚdarás eolas cuimsitheach ar fáil ar a láithreán gréasáin maidir le reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise a bheith á chomhlíonadh aige. Áirítear leis seo scéim foilseacháin a chuireann eolas ar fáil maidir le feidhmeanna an Údaráis agus maidir leis an ábhar a chuireann sé ar fáil go poiblí. Rinne an tÚdarás cinneadh go luath tar éis a bhunaithe ó thaobh trédhearcacht iomlán maidir lena chuid oibre agus foilsíonn an tÚdarás cláir chruinnithe roimh a chuid cruinnithe agus tá miontuairiscí dá chuid cruinnithe go léir agus miontuairiscí cruinnithe coiste foilsithe ar an láithreán gréasáin. Déantar sruthú beo ar a chruinnithe poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána agus tá siad le fáil ar ár láithreán gréasáin. In 2017, fuair an tÚdarás 11 iarraidh um Shaoráil Faisnéise agus is féidir teacht ar shonraí fúthu sa taifead nochta ar ár láithreán gréasáin.

- <u>Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014</u>

Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a rialachas agus nósanna imeachta d'fhonn comhlíonadh na bprionsabal um chearta daonna agus, go sonrach, na n-oibleagáidí faoi alt 42 d'Acht 2014 a chinntiú.

- <u>An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014</u>

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mbíonn an uile dhuine a oibríonn san Údarás ábalta "labhairt amach". Tá ar chumas oibrithe, trí labhairt amach, feabhas a chur ar an eagraíocht agus cuidiú lena chinntiú go bhfuil cothabháil á déanamh ar ardchaighdeáin. Tá an tÚdarás tiomanta a chinntiú go bhfaigheann aon údar imní atá ag comhaltaí foirne éisteacht chúramach ionas gur féidir beart pras a ghlacadh le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta don Chlár Oibre Iomláine ag an Obair de chuid Transparency International.

Cuirtear ar fáil san Acht cosaint dhleathach áirithe d'oibrithe nuair a thugann siad údar imní chun solais maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú san áit oibre. Leagtar amach ann cad is nochtadh cosanta ann agus na cosaintí dleathacha atá i bhfeidhm le cosaint a thabhairt d'oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta. De réir an Achta, rinne an tÚdarás forbairt ar Bheartas um Nochtadh Cosanta ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le héagóir a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 agus cuireadh oiliúint ar fáil maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh. Leagtar amach sa bheartas na prionsabail atá mar bhonn taca le cultúr eiticiúil a fhorbairt agus a chothabháil san eagraíocht agus na mionsonraí oibríochta maidir le conas is féidir le foireann agus comhaltaí an Údaráis nochtadh cosanta a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis.

# 5. Faisnéis Airgeadais

Maoinítear an tÚdarás, chun tabhairt faoina shainordú, go díreach ón Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil de Chaiteachas Vótáilte.

Is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus sa cháil sin tá sí cuntasach don Oireachtas maidir leis an maoiniú go léir atá vótáilte don Údarás le seirbhísí a sholáthar.

Ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta cuntas caiteachais agus fáltais, ar a dtugtar Cuntas Leithreasa, a ullmhú ar bhonn bliantúil agus an cuntas sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

**Caiteachas 2017**

Ba é an caiteachas iarbhír ó Vóta an Údaráis Phóilíneachta don bhliain 2017 €2.007 milliún. Áiríodh leis seo costais phárolla na foirne €1,246 milliún, arb ionann sin agus 62% den chaiteachas iomlán.

Cuirtear Ráitis Airgeadais an Údaráis i láthair i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil a chuireann an tOifigeach Cuntasaíochta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh agus a fhoilseoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bhfoilseachán an Chuntais Leithreasa i Meán Fómhair 2018.

Cuireann an achoimre ar an tuarascáil airgeadais a fhad leis an 31 Nollaig 2017 in Aguisín 3 anailís ar fáil maidir le staid an Vóta agus leis an eolas gaolmhar don bhliain 2017.

**Costais Chionroinnte**

Chomh maith leis na costais a bhaineann go díreach leis an Údarás, ní mór costais a bhaineann le Ranna eile a bhreithniú freisin ar mhaithe le léargas foriomlán a chur i láthair maidir le costais oibríochta an Údaráis.

Taibhíodh na costais chionroinnte seo a leanas áit éigin eile thar cheann an Údaráis:

- €25,000 faoi Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- €126,713 faoi Vóta 13 - Oifig na nOibreacha Poiblí i dtaca le cíos agus seirbhísí gaolmhara d'oifigí an Údaráis
- €32,000 faoi Vóta 24 – an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

**Táillí, Tuarastail agus Costais**

Bhí an táille bhliantúil atá iníoctha le Comhaltaí an Údaráis Phóilíneachta don bhliain 2017 de réir an ráta a bhí faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níor íocadh aon táillí le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhí ag fónamh san Údarás.

Déantar treoirlínte pá an Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus d'fhostaithe Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán. Is fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad fostaithe go léir an Údaráis agus faigheann siad luach saothair de réir scálaí tuarastail cuí na státseirbhíse i ndáil lena gcuid grád agus seirbhíse.

B'ionann costas iomlán párolla an Údaráis in 2017 agus €1.246 milliún. Tháinig méadú aníos ó 15 chomhalta in Eanáir 2017 go dtí 31 comhalta, ar an iomlán, an 31 Nollaig 2017 ar líon foirne an Údaráis.

Tháinig laghdú ar líon na bhfostaithe ar íocadh a sochair iomlána fostaí (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais phinsin fostóra san áireamh) sa bhliain 2017 laistigh de gach aon cheann de na bandaí pá seo a leanas, faoi mar a léirítear sa tábla seo a leanas:

| Banda Pá | Líon na bhFostaithe |
|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 1 |
| €70,000 - €80,000 | 2 |
| €80,000 - €90,000 | 2 |
| €90,000 - €100,000 | - |
| €100,000 - €110,000 | 1 |
| €120,000 - €130,000 | - |
| €130,000 - €140,000 | 1 |

Ba €421,519 an cúiteamh comhiomlán d'fhoireann bhainistíochta sinsearaí an Údaráis sa bhliain 2017, a bhí comhdhéanta de thuarastail agus ÁSPC Fostóra. Chomh maith leis sin íocadh costais iomlán €1,550 maidir le taisteal don fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun dualgais oifigiúla a fheidhmiú.

Íoctar costais taistil le Comhaltaí an Údaráis agus leis an bhfoireann de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. Ba €303 an caiteachas iomlán sa bhliain 2017 maidir le fáilteachas.

**Caiteachas Sainchomhairleoireachta**

Bhí caiteachas iomlán €45,874 i gceist in 2017 a bhain le táillí sainchomhairleoireachta/comhairleora sheachtraigh, a chatagóirítear mar seo a leanas:

- Dlíthiúil €24,293
- Comhairleach €21,581

**Cánachas**

Chomhlíon an tÚdarás a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach in 2017.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Tá sé mar bheartas an Údaráis Phóilíneachta chun téarmaí na nAchtanna um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh go hiomlán. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach deimhniú réasúnta, seachas deimhniú iomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta.

In 2017, gearradh pionóis ar íocaíocht dhéanach ar 2 shonrasc. B'ionann luach na sonrasc go léir a íocadh go déanach agus €2,383. Ba é an t-ús iomlán a íocadh i rith 2017 mar gheall ar íocaíochtaí déanacha €2.

# Aguisín 1 – Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2017 an 31/12/17

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

**Tosaíochtaí Comparáideacha 2017**

**Stádas 31 Nollaig 2017**

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|
| **1) An próiseas maidir le bunú infreastruchtúr na heagraíochta , a chríochnú, le cinntiú go mbeifear in ann aidhmeanna straitéiseacha an Údaráis a bhaint amach** | • Foireann oiriúnach de 35 earcaithe faoi mar is gá, de réir mar atá ceadaithe faoi láthair | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Cuireadh poist in ord tosaíochta. Ullmhaíodh sonraí poist le haghaidh gach post. Rinneadh modh earcaíochta ábhartha a chur chun cinn | **Ar bun** | Rinneadh ardú ar an gceadú go dtí 39 chun freastal ar fheidhm cheapacháin.<br>31/12/2017: Bhí foireann de 31, duine amháin ag obair le himréiteach, 4 le tosú i Mí Eanáir 2018, sonraí poist a hullmhú do na trí poist eile. |
| | • Tá an tÚdarás ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus tá athbhreithniú maidir le héifeacht an Údaráis, curtha i gcrích | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Tá Rialachas a athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca monatóireacht air. Meastar Rialachas a bheith sásúil faoi raon na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha uile. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar dhoiciméid Rialachais go bliantúil agus de réir mar is gá. | **Curtha i gcrích** | Chríochnaigh II athbhreithniú ar Chomhlíonadh an CC i Márta 2017 agus rinneadh nóta de go raibh easpa mór comhréire ann i leith an chórais bainistíochta riosca. Chuathas i ngleic leis agus cuireadh i bhfeidhm é i Meitheamh 2017.<br><br>Athbhreithniú ar éifeachtacht, críochnaithe Marta 2017. Athbhreithniú déanta le linn na bliana ar an gCód Cleachtais, ar Bhuan -Orduithe agus ar an gConradh Caidrimh agus Tacaíochta leis an RDCC. Tá doiciméid eile rialachais á athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá.<br>Airítear ceisteanna rialachais i raon na n-iniúchtaí inmheánacha. |
| | • An fhoireann ar fad gafa le CBFF | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Timthriall CBFF á leanúint | **Curtha i gcrích** | Caithfear athbhreithnithe bliantúla a chríochnú faoi dheireadh na bliana agus tá seo déanta ach amháin i gcás cúpla ceann. Sna cásanna seo, níorbh fhéidir iad a chríochnú toisc daoine a bheith ar saoire/ nó mar gheall ar chúrsaí oibre ach déanfar iad a chríochnú go luath i Mí Eanáir, de réir riachtanais CBFF. |
| | • Láithreán Nua an Údaráis | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Beidh an Fhoireann Tionscadail freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir leis an modh seachadta is fearr, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an dearadh, agus le hábhar a ullmhú agus é a chur i gcrích | **Ar bun. Tionscadal curtha ar aghaidh go 2018.** | Cuireadh moill ar dhul chun cinn an tionscadail mar gheall ar ghrinnfhiosrúchán ar bhall foirne tábhachtach, a bheith mall, agus de dheasca sin nach raibh sé in ann tosú sa phost.<br>Eisíodh iarraidh ar thairiscintí fá choinne suíomh gréasáin a dhearadh agus a thógáil ar 22/12/17 agus bhíothas ag súil lena lainseáil faoi dheireadh Q2 2018. Rinneadh an tosaíocht seo a chur ar aghaidh chuig Tosaíochtaí Corparáideacha 2018. |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • Córas bainistíochta doiciméad i bhfeidhm | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Dul i gcomhairle le TFC le haghaidh féidirtheacht, inbhuaineacht agus tráthúlacht na roghanna faoi comhaontú seirbhíse a chinntiú | Ar bun. Tionscadal curtha ar aghaidh go 2018 | Ag brath ar chur i bhfeidhm Chomhphointe faoin Roinn Dlí is Cirt. Tá córas bainistíochta doiciméad i bhfeidhm, atá ábhartha do riachtanais, i láthair na huaire. Tá obair ar bun le haghaidh córas bainistíochta athsholáthair doiciméad, a chur i gcrích faoi dheireadh Mhí Mheithimh (Q2) 2018. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le sonrú riachtanas.<br>Tosaíocht curtha ar aghaidh go 2018. |
| | | • Creat i bhfeidhm le haghaidh taighdeoirí, sainchomhairleoirí, agus saineolaithe eile a aimsiú | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Aimsítear sainchomhairleoirí mar is gá de réir nósanna imeachta soláthar poiblí | Ar bun. Tionscadal curtha ar aghaidh go 2018 | Úsáideadh creat an OSR le saineolas a cheannach de réir riachtanais. Go ginearálta, tá lear mór eolais sna rannóga ar fad mar gheall ar an saineolas atá ar fáil sna réimsí áirithe. Leanfaidh an tAonad Taighde de bheith ag aimsiú saineolais ábhartha. |
| | | • Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha atá dearfach agus moltaí ar bith á gcur i gcrích | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Comhpháirtíocht le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha | Curtha i gcrích | I bhfeidhm agus ag leanúint ar aghaidh<br>Iniúchadh an ARCC ar Chuntas Leithghabhála 2016 déanta. 3 as 4 de iniúchtaí inmheánacha déanta ,chomh maith le hobair allamuigh don iniúchadh deiridh, críochnaithe agus réidh le cur i láthair ag an gcéad chruinniú den Choiste Iniúchóireachta 2018. |
| | | • Próiseas bainistíocht riosc,a doiciméadaithe agus i bhfeidhm go héifeachtach | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Córais cláir rioscaí agus bainistíocht rioscaí a ullmhú.<br>Monatóireacht ar riosca i bhfeidhm go leanúnach. | Curtha i gcrích | Clár rioscaí i bhfeidhm ó Mheitheamh 2017, ar an gclár oibre ag cruinnithe FBS, ag cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus ag cruinnithe an Údaráis. |
| | | • Straitéis Cumarsáide forbartha | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Straitéis Cumarsáide agus Plean Oibre a bhforbairt do 2017/18 le linn an tríú ráithe | Curtha i gcrích | Straitéis Cumarsáide, faofa ag an gcruinniú i Mean Fómhair, ag brath ar aiseolas ó na baill. Foilsithe ar shuíomh an Údaráis. |
| **2)** | **Córas Earcaíochta sa Gharda Síochána** | • Aonad Ceapacháin an Údaráis bunaithe (ceapachán foirne, oiliúint, próisis, nósanna imeachta) | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha | Aonad Ceapacháin a bhunú agus foireann a earcú.<br>Cleachtais a ullmhú agus a thaifead agus | Curtha i gcrích | Aonad Ceapacháin bunaithe |
| | | • Comórtais Roghnúcháin don CC, d' Ard-Cheannfort agus do Cheannfort críochnaithe faoi dheireadh ráithe 3, 2017 agus féilire táscach dréachtaithe do na blianta atá le teacht | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Tabhair faoi chomórtais do na trí grád lena bhfuil feidhm ag an UP | Curtha i gcrích | Na trí comórtais críochnaithe agus painéil curtha ar bun. Tá próisis maidir le ceapacháin agus le himréiteach ag dul ar aghaidh de réir mar a thagann folúntais chun cinn. |
| | | • Sa Gharda Síochána, ceapadh foireann sibhialtach agus sibhialtaigh sinsearacha agus foireann ag grád áirithe de réir mar a ceadaíodh iad, agus rinneadh é sin go tráthúil | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Cinneadh a dhéanamh maidir le próisis i leith iarratais ó shibhialtaigh ón GS.<br>Iarratais a phróiseáil go tráthúil ar bhonn leanúnach.<br>Maoirseacht a dhéanamh ar phlean Fhórsa Oibre an GS | Curtha i gcrích | A lán iarratas faighte agus scrúdaithe agus tá ceisteanna a bplé leis an GS agus freagraí le teacht.<br>Grúpa oibre trasghníomhaireachta ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phlean fórsa oibre an GS agus ar cheisteanna eile maidir le sibhialtachtú. |

| | Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • | Athbhreithniú ar chomórtais agus ar phróisis a bhí idir lámha i 2017 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Tar éis do na comórtais roghnúcháin a bheith críochnaithe do na trí grád, tosaigh ar phróiseas athbhreithnithe chun spriocanna foghlama a aimsiú don todhchaí. | Curtha i gcrích | Seirbhís iniúchta inmheánaigh, lena n-airítear, iniúchadh ar phróisis, críochnaithe. Tugadh faoi athbhreithniú inmheánach ar na trí comórtais chun feabhsúcháin a aithint maidir le próisis, roimh chomórtais 2018, lena n-airítear aiseolas a fháil ó réimse leathan de pháirtithe. Críochnaíodh dréacht tuarascáil faoi dheireadh 2017. |
| | | • | Ullmhúchán déanta le haghaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a earcú. | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Dul i dteagmháil leis an RDCC agus le SCP chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh próiseas earcaíochta agus le sonraí poist a ullmhú. | Curtha i gcrích | Ullmhúchán le haghaidh earcaíochta agus teagmháil leis an RDCC agus le SCP, go leanúnach agus aire cuí tugtha dó, le linn ráithe 4 de 2017 |
| 3) | **Monatóireacht agus Measúnú ar an gClár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana (CNA)** | • | Measúnú míosúil ar dhul chun cinn an CNA, ag teacht le cinneadh an Rialtais, agus tuarascálacha ráithe tráthúla curtha chuig an Tánaiste, maidir leis | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Struchtúr tuairiscithe míosúil a fhorbairt. Plean oibre ráithiúil cruinnithe, cuairteanna ar láithreáin agus iarratais ar sonraí, a fhorbairt chun tacú le tuarascáil ráithiúil a chur amach. Tuarascáil ráithiúil a chur chuig an Aire in am. | Curtha i gcrích | Tuarascálacha míosúla faighte agus scrúdaithe. Cuireadh ceithre thuarascáil ráithiúla chuig an Aire, in am ar 31 Eanáir, ar 30 Aibreán agus 31 Iúil. Aontaíodh leis an Aire gurbh fhearr gan an ceathrú thuarascáil a chur isteach go dtí go mbeadh dul chun cinn déanta ag an GS ina leith agus cuireadh isteach é ar 22 Nollaig. |
| 4) | **Freagraí ar iarratais ón Aire agus ar thuarascálacha tríú páirtí ( lena n-airítear, na cinn a thagann chun cinn as moltaí Chigireacht an Gharda Síochána, as iniúchtaí agus as moltaí ón gCoimisiúin Imscrúdúcháin ), de réir mar a thagann siad aníos** | • | Measúnú ráithiúil ar dhul chun cinn an Gharda Síochána maidir le sannadh sibhialtach chun ath-imlonnú bhall den Gharda Síochána chuig na línte tosaigh, a éascú. Chomh maith leis sin tugtar fianaise ar ath-imlonnaithe ábhartha. | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Dul chun cinn a mheas agus a thuairisciú don Aire sna Tuarascálacha Ráithiúla. | Curtha i gcrích | Cé go bhfuil seo de réir sprice d'fheidhmíocht an Údaráis, agus muid ag déanamh dul chun cinn a mheas agus a chur san áireamh sa tuarascáil ráithiúil don Aire, is beag dul chun cinn éifeachtach atá á dhéanamh maidir le hath-imlonnaithe sa Gharda Síochána. Faoi láthair, reáchtáiltear cruinnithe leis an GS, le RCPA, RDCC agus SCP dhá uair sa mhí agus tá dréacht de Phlean Fórsa Oibre go 30 Mean Fómhair faighte. Measúnú ar dhul chun cinn san áireamh i dtuarascálacha ráithiúla don Aire in Aibreán, in Iúil agus i Mí na Nollag. |
| | | • | Aighneacht ar iontráil oscailte agus ar iontráil taobhach curtha chuig Chigireacht an Gharda | An Rannóg Dlí, Polasaí agus | Taighde a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt | Curtha i gcrích | Aighneacht curtha chuig an Chigireacht<br>3 Aibreán 2017 |
| | | • | Cruinnithe ráithiúla socraithe le Cigireacht an Gharda Síochána, le cinntiú go bhfuil an athbhreithniú ar scaipeadh acmhainní, ag teacht le téarmaí tagartha aontaithe agus go bhfuil an t-Údarás ar an eolas maidir leis an dul chun cinn | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Eagraigh cruinniú leis an gCigireacht, agus freastal air | Curtha i gcrích | Cruinnithe eagraithe ar 24 Feabhra, ar 6 Meitheamh agus 2 Deireadh Fómhair **( Tá eolas faoi ról an GI agus faoi stádas an tionscadail le cur isteach)** |
| | | • | Freagraí láithreacha ar iarratais eile agus ar thuarascálacha tríú páirtí | Faoi mar a leanas | Fuarthas a lán tarchuir ón Roinn d'fhonn maoirseacht faoi réir an Údaráis, faoi mar a leagtar amach thíos | **Breac-chuntas ar gach ceann thíos** | **Breac-chuntas ar gach ceann thíos** |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|
| | • Athbhreithniú ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta chun dul i ngleic le lucht nochta scéil agus le nochtú scéil sa Gharda Síochána; | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Plean Nochtuithe Cosanta a fháil.<br>Cur i bhfeidhm an phlean a athbhreithniú<br>Tuarascáil a chur ar fáil | **Níl an sprioc seo bainte amach toisc go bhfuiltear ag fanacht le dul chun cinn ón GS. Curtha ar aghaidh go dtí 2018.** | Obair ag brath ar dhul chun cinn an GS. Athbhreithniú ar bun anois ach díreach tosaithe i Samhain 2017. |
| | • Maoirseacht ar mar atá an Garda Síochána ag cur i bhfeidhm Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána "An Phóilíneacht in Éirinn á Athrú" | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Dul chun cinn a mheas agus a thuairisciú don Aire sna Tuarascálacha Ráithiúla. | **Achieved** | Tuarascálacha míosúla faighte agus scrúdaithe. Cuireadh ceithre thuarascáil ráithiúla chuig an Aire, in am ar 31 Eanáir, ar 30 Aibreán agus 31 Iúil. Aontaíodh leis an Aire gurbh fhearr gan an ceathrú thuarascáil a chur isteach go dtí go mbeadh dul chun cinn déanta ag an GS ina leith. Cuimsíonn na tuarascálacha ráithiúla measúnú ar dhul chun cinn maidir le hIniúchadh Cultúir agus Sibhialtachtachtú. |
| | • Maoirseacht ar dhul chun Cinn ar an Iniúchadh Cultúir | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Dul chun cinn a mheas agus a thuairisciú don Aire sna Tuarascálacha Ráithiúla. | **Achieved** | |
| | • Maoirseacht ar Dhul chun Cinn ar Shibhialtachtú ,agus go háirithe " Coimisinéir an Gharda Síochána i gcomhpháirt leis an Údarás Póilíneachta le poist ar féidir a ath-imlonnú a aimsiú, go práinneach, roimh dheireadh na bliana 2016, ag cur san áireamh an 1,500 a d'aimsigh Cigireacht an Gharda Síochána, agus plean cúig bliana a ullmhú" | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Dul chun cinn a mheas agus a thuairisciú don Aire sna Tuarascálacha Ráithiúla. | **Achieved** | |
| | • Limistéir cheantair an Gharda Síochána agus scaipeadh stáisiúin an Gharda Síochána i gceantair tuaithe; socruithe imlonnaithe agus socruithe maidir le huainchláir | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Curtha faoi bhráid Chigireacht an Gharda Síochána chun an t-athbhreithniú seo a dhéanamh. | **Níl sé bainte amach toisc go bhfuiltear ag fanacht le dul chun cinn ó chigireacht an Gharda Síochána. Curtha ar aghaidh go dtí 2018** | Tá an t-athbhreithniú ar bun ag Cigireacht an Gharda Síochána agus bhímis ag cruinniú leo chun tuiscint a fháil mar gheall ar dhul chun cinn ina leith.<br>Ar dtús, bhí an Roinn ag féachaint le é a bheith críochnaithe taobh istigh de bhliain. De réir mar a thuigimid, ní dóigh go mbainfear an sprioc seo amach mar gheall ar bhaill thábhachtacha d'fhoireann CGS, a bheith imithe. |
| | • Dul chun cinn ar chur i bhfeidhm mholtaí a tugadh sa Tuarascáil Eatramhach Inmheánach ar nósanna imeachta airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na tuarascála seo, idirghabháil a dhéanamh leis an bPríomhoifigeach Riaracháin, le Coiste Iniúchta an GS agus leis an ARCC. | **Curtha i gcrích** | Tuarascálacha míosúla á bhfáil, a athbhreithniú agus á gcur chuig an Údarás. Cuireadh an chéad tuarascáil isteach i mí Iúil 2017 agus cuireadh an dara ceann isteach 1 Samhain 2017. |
| | • Tuarascáil Fennelly | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí.<br>Tuarascálacha ráithiúla a chur ar fáil. | **Curtha i gcrích** | Tuarascáil curtha chuig an Aire 1 Samhain 2017 |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|
| | • Iniúchadh neamhspleách ar chórais TAS agus FMS sa Gharda Síochána. | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Iniúchadh inmheánach a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh air. Glacfar le tuarascálacha seachtainiúla ó chonraitheoir chun monatóireachta dhéanamh ar fheidhmíocht de réir théarmaí tagartha agus de réir chonartha. Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil eatramhach. Tuarascáil deiridh a chur faoi bhráid an Údaráis. | Curtha i gcrích | Tuarascáil curtha chuig an Aire ar 31 Deireadh Fómhair 2017. |
| | • Aighneacht chuig an gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Ábhar aighneachta don Choimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta, a ullmhú | Ar bun | Cinneadh déanta ar spriocdháta 31 Eanáir agus táthar ag súil go mbainfear an sprioc sin amach. |
| **5) Monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta sa Gharda Síochána** | • Measúnú míosúil ar phlean póilíneachta 2017, laistigh de chreat forbartha feidhmíochta | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Creat a chruthú le haghaidh tuairisciú míosúil. Plean oibre a fhorbairt don Choiste. Tuarascálacha míosúla a mheas. | Curtha i gcrích | Creat cruthaithe. Tuarascálacha míosúla scrúdaithe agus measta. Plean oibre an Choiste do 2017 maidir le huimhir na gcruinnithe agus le téamaí le scrúdú, iniúchta agus bainte amach. |
| | • Tuarascáil an Choimisinéara cruthaithe agus leabaithe | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Forbairt níos fearr agus beachtú a dhéanamh ar Thuarascáil mhíosúil an Choimisinéara | Curtha i gcrích | Struchtúr leasaithe san áireamh i dtuarascáil Mheáin Fómhair. Tuarascáil curtha isteach go míosúil agus foilsithe ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána. |
| | • Córas cruthaithe le monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí maidir le gearáin in éadan an Gharda Síochána | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha bliantúla de chuid COGS.<br>Anailís a dhéanamh ar ghearáin agus ar líomhaintí.<br>Tuarascáil a chur ar fáil. | Curtha i gcrích | Páipéar don Údarás a nuashonrú, Iúil 2017. Cruinniú le COGS reáchtáilte i Meán Fómhair. Tharla cruinniú le Gnóthaí Baile i Samhain agus cruinniú eile le COGS socraithe do dheireadh na Samhna. Chuir na hionchuir seo le bonn eolais alt 62(O) den tuarascáil don Aire. |
| | • Tosaíochtaí póilíneachta do 2018 socraithe faoi dheireadh Mhí Iúil, tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí. | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Dréacht de na tosaíochtaí a chur faoi bhráid an Údaráis i mí Iúil 2017. Socraigh ar dhréacht a bheadh mar bhunús do chomhairliúchán. Déanfar torthaí an chomhairliúcháin a phlé i Meán Fómhair 2017 | Curtha i gcrích | Tosaíochtaí Póilíneachta curtha faoi bhráid an Aire, ar 7 Samhain 2017 |
| | • Pleananna Bliantúla Póilíneachta an Gharda Síochána faofa faoi dheireadh na Samhna. | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | | Curtha i gcrích | Plean Bliantúil Póilíneachta 2018 den GS curtha faoi bhráid an Údaráis ag cruinnithe na Samhna agus na Nollag. Plean deiridh Póilíneachta 2018, lena n-airítear na leasuithe a theastaigh ón Údarás, curtha chuig an Aire ar 19 Eanáir 2018 |
| | • Athbhreithniú arna bhunú ar thuarascálacha inmheánacha uile GSPSU | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Athbhreithniú ar thuarascálacha scrúduithe ACGGS.<br>Plean Oibre ACGGS do 2017 a iarraidh.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascálacha Bliantúla RIIGS | Níl an sprioc seo bainte amach toisc go bhfuiltear ag fanacht le dul chun cinn ón GS. Curtha ar aghaidh | Moill mhóra sa GS maidir le tuarascálacha PSU a chur ar fáil. Ní raibh na tuarascálacha seo ar fáil fiú faoi dheireadh Mhí na Nollag 2017. |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • An Fheidhmeannach le páipéar a ullmhú maidir le suiteáil agus oibriú córas CCTV in áiteanna poiblí | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Chuathas i gcomhairle le DoJ. Bhuail le Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa phobal. Tosaíocht: Taighde a dhéanamh i Mí Iúil 2017. | Curtha i gcrích | Páipéar faisnéise curtha os comhair an Údaráis, Meán Fómhair 2017. Tuairimí maidir le feidhmeanna CCTV san áireamh sa tuarascáil dhá bhliain, faoi alt 62 (O). |
| 6) | **Próisis trí chruinnithe ar théamaí áirithe ó am go ham, chun tacú le baill an Údaráis** | • Foinsí sonraí agus faisnéise a fhorbairt a bheadh neamhspleách agus éagsúil, cinn ar féidir tacú le cruinnithe an Údaráis chomh maith le próisis maoirseachta | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Taighde déanta i réimsí riachtanacha. Tacaíocht tugtha d'aonaid eile laistigh den Údarás. Polasaí taighde a fhorbairt. | Ar bun. Tionscadal curtha ar aghaidh go dtí 2018. | Ag leanúint de bheith ag forbairt rannpháirtíochta le réimsí leathan de ghníomhaireachtaí stáit agus le gníomhaireachtaí neamhrialtasacha le bonn eolais a chur faoi obair an Údaráis agus obair na gCoistí. Ceapadh bainisteoir taighde i Samhain agus taighdeoir eile i Mí Nollaig. Ag fanacht le himréiteach do thaighdeoir eile. Straitéis taighde le cur faoi bhráid an Údaráis i Mí Eanáir 2018. |
| | | • Cruinnithe reáchtáilte agus rannpháirtíocht le: POS, ÚSB, SIP, Seirbhís na Cúirteanna, Coláiste Póilíneachta, chomh maith le roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun miosúir feidhmíochta difríochta a aimsiú agus rochtain a fháil orthu | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Plean Oibre agus Straitéis Cumarsáide a fhorbairt do 2017/18 | Curtha i gcrích | Reáchtáladh cruinnithe le : POS, ÚSB, SIP, an tSeirbhís Cúirteanna, National Women's Observatory, An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, An Chomhghuaillíocht um Chearta d'Íospartaigh, an tIonad Éigeandála um Éigniú in Éirinn, an tIonad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath, LEAC, agus An Chomhairle um Chearta an Duine. Rinneadh athbhreithniú ar na cruinnithe a tharla agus rinneadh scrúdú ar na seach-mhiosúir feidhmíochta a aimsíodh, ag cruinniú den Choiste um Straitéis Phóilíneachta agus Feidhmíochta, i Samhain. Tá seach-mhiosúir a aimsiú a eascraíonn as an bPlean Póilíneachta is deireanaí 2018, agus as raon cruinnithe a reáchtáladh le linn na bliana. |
| | | • Cruinniú téamúil reáchtáilte in Aibreán, ar Phóilíneacht Bóithre | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | | Curtha i gcrích | Cruinniú ar Phóilíneacht Bóithre Aibreán 2017 |
| 7) | **Ag fáil tuiscint níos fearr ar oideachas agus ar oiliúint an Gharda Síochána** | • Cruinniú an Údaráis reáchtáilte i gColáiste an Gharda Síochána Bealtaine 2017 | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Cruinniú Míosúil an Údaráis Póilíneachta le reáchtáil 25 Bealtaine 2017 | Curtha i gcrích | Reáchtáladh cruinniú i Meitheamh 2017 |
| | | • Áit faighte don Údarás ar Bhonnchúrsa Oiliúna an Gharda Síochána agus ar chláir FGL do ghráid eile | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Cur i láthair- Daoine faoi oiliúint sa Bhonnchúrsa<br>Cur i láthair- Cúrsa FGL | Curtha i gcrích | Áit faighte le haghaidh chur i láthair do dhaoine faoi oiliúint, céim 3.Chuir an POF agus an Cathaoirleach an chéad chlár mhíosúil i láthair agus bíonn sé ar siúl anois ar bhonn mhíosúil agus bíonn an POF agus ceannairí imeachtaí i mbun an chláir. |
| | | • Athbhreithniú deisce ar oiliúint an Gharda Síochána tugtha chun críche chun eolas a chur ar fáil d'obair bhreise sa limistéar seo | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Páipéar faoi oiliúint sa GS, le cur faoi bhráid an Údaráis | Curtha i gcrích | Athbhreithniú críochnaithe agus páipéar ullmhaithe do chruinniú na Bealtaine 2017. Faisnéis ón athbhreithniú sin san áireamh sa pháipéar don Choimisiún ar Phóilíneacht sa Todhchaí. |
| | | • Togra taighde, forbartha, ar ghné thábhachtach áirithe d'oiliúint Ghardaí, i gcomhair obair a bheidh le déanamh i 2018 | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Gné thábhachtach amháin a roghnú.<br>Togra taighde a fhorbairt | Curtha i gcrích | FGL aimsithe mar fhócas sna tosaíochtaí corparáideacha 2018 |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomh Rannán | Gníomhaíochtaí | Dul chun cinn ag deireadh na bliana | Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **8)** | **Rannpháirtíocht níos fearr leis na CCP** | • Cruinniú le Cathaoirligh CCP | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | | Curtha i gcrích | Imeacht CCP reáchtáilte i Mí Iúil |
| | | • Baill den Údarás i láthair ag 15 cruinniú CCP ar a laghad, ar fud na réigiúin | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Téigh i gcomhairle le CCP maidir le socruithe cruinnithe agus socraigh bheith i láthair | Curtha i gcrích | Freastal ar 15 chruinniú chomphóilíneachta, faoi dheireadh na bliana: Cill Mhantáin,Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Muineachán, Liatroim, Cathair Chorcaí, An Mhí, Cill Chainnigh, Ros Comáin, An Clár,Maigh Eo,Finngall, DúnLaoghaire-Rath an Dúin, Cathair Bhaile Átha Cliath, agus Ceatharlach |
| | | • Rannóg CCP cruthaithe ar shuíomh an Údaráis Póilíneachta | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | | Curtha i gcrích | Leathanach gréasáin CCP bainte amach agus tugtha le dáta de réir mar a fhaightear ábhair. |
| **9)** | **Ag fáil tuiscint níos fearr ar chur ar acmhainneacht sa Gharda Síochána, an dóigh ina ndéantar acmhainní a úsáid agus an nasc idir sin agus feidhmíocht** | • Forbairt déanta ar chumas inmheánach, chun cúrsaí acmhainní a scrúdú | Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta | Foireann a earcú a mbeadh sainscileanna acu le hanailís agus measúnú a dhéanamh ar sonraí maidir le hacmhainní an Gharda Síochána | Curtha i gcrích | Ball foirne ceaptha tar éis próiseas roghnúcháin agus tá tús curtha le hobair ar thuiscint maidir le hacmhainní an GS |
| | | • Rannpháirteachas i nGrúpa na nAcmhainní de chuid RDCC | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha | Buail le GS, RDCC agus RCPA gach ráithe, chun faisnéis a roinnt agus le tosaíochtaí agus ceisteanna a phlé | Curtha i gcrích | |
| | | • An chéad tuarascáil don Údaras faoi acmhainní an Gharda Síochána le linn an dara ráithe | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Tuairisc a thabhairt don Údarás maidir le measúnú faoi láthair ar leordhóthanacht acmhainní an GS le bonn eolais a chur faoi sholáthar chomhairle don Aire, faoi dheireadh mhí Iúil 2017. | Curtha i gcrích | Comhairle tugtha curtha faoi bhráid an Aire 3/8 |
| | | • Tús curtha le hathbhreithniú ar ghnéithe de Rialachas an Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin | Tabhair faoi athbhreithniú ar ghnéithe áirithe de rialachas an GS | Ar bun | Tá an obair beagnach críochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh dréacht-tuarascáil ar fáil sa tseachtain dar tús 22 Eanáir 2018. Cuireadh moill ar an obair seo mar gheall ar thoradh iarmhartach a tharla de dheasca obair TAS/FMS a rinne Crowe Horwath. |
| **10)** | **Tuarascáil faoi Alt 62 (O) (2) den Acht** | • Tús curtha leis an bpróiseas/ Plé san Údarás faoi Dheireadh Fómhair 2017 | An Rannóg Dlí, Polasaí agus Taighde | Taighde a dhéanamh agus tuairimí bhaill an Údaráis a lorg, le haghaidh tuarascáil a ullmhú | Curtha i gcrích | Tuarascáil ar Alt 62O curtha chuig an Aire, Nollaig 2017. |
| | | • Tuarascáil le faomhadh, faoi réir an Údaráis ag cruinniú na Nollag 2017 | An Rannóg Dlí, Polasaí agus | Dréacht-tuarascáil | Curtha i gcrích | Tuarascáil ar Alt 62O curtha chuig an Aire, Nollaig 2017. |

(1) Glactar leis go ndéanfar na táscairí uile a chríochnú faoi 31 Nollaig 2017, ach amháin má chuirtear a mhalairt in iúl go soiléir.

| Úsáidtear na giorrúcháin a leanas sa tuarascáil seo: | |
|---|---|
| CC = Commissioner Cúnta<br>ARCC = An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>CC = Cód Cleachtais<br>FGL = Forbairt Ghairmiúil Leanúnach<br>POS = An Príomh-Oifig Staidrimh<br>RDCC = An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais<br>RCPA = An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<br>SIP = An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí<br>LEAC = An Líonra na hEorpa in aghaidh Ciníochas<br>FMS = Fógra Muirear Seasta<br>CGS = Cigireacht an Gharda Síochána<br>GS = Garda Síochána<br>RIIGS = Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síóchána<br>COGS = Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | ACGGS = An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána<br>II = Iniúchóirí Inmheánacha<br>CCP = Comhchoiste Póilíneachta<br>TAS = Tástáil Alcóil Shainordaithe<br>TAMS = Tástáil Ábhar Meisciúil Shainordaithe<br>CNA = An Clár Nuachóiriúcháin agus Athnuachana<br>ENR = Eagraíocht Neamhrialtasacha<br>OSR = Oifig um Sholáthar Rialtais<br>SCP = An tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí<br>CBFF = Córas Bainistíocha agus Forbarths Feidhmíochta<br>ÚSB = An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre<br>IAT = Iarraidh ar Thariscint<br>FBS = Foireann Bhainistíochta Shinsearach<br>POF = Príomhoifigech Feidhmiúcháin |

## Aguisín 2 – Staitisticí do Chomórtais Roghnúcháin maidir le Ceapadh comhaltaí sinsearacha den Gharda in 2017

| Staitisticí do Chomórtais Roghnúcháin an Údaráis Póilíneachta maidir le ceapacháin do na gráid seo sa Gharda Síochána, 2017: Coimisinéir Cúnta, Ard-Cheannfort agus Ceannfort | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comórtas Roghnúcháin: Coimisinéir Cúnta** | | | | | |
| De réir ghrád na n-Iarrathóirí | Líon na n-Iarrathóirí | De reir inscne | Líon na n-Iarrathóirí | De réir eagraíocht an fhostóra | Líon na n-Iarrathóirí |
| Ard-Cheannfort | 19 | Fireann | 27 | Garda Síochána | 31 |
| Gráid eile | 12 | Baineann | 4 | SPTÉ | 0 |
| Iomlán | **31** | Iomlán | **31** | Iomlán | **31** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ard-Cheannfort** | | | | | |
| De réir ghrád na n-Iarrathóirí | Líon na n-Iarrathóirí | De reir inscne | Líon na n-Iarrathóirí | De réir eagraíocht an fhostóra | Líon na n-Iarrathóirí |
| Ceannfort | 70 | Fireann | 71 | Garda Síochána | 77 |
| Gráid eile | 9 | Baineann | 8 | SPTÉ | 2 |
| Iomlán | **79** | Iomlán | **79** | Iomlán | **79** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ceannfort** | | | | | |
| De réir ghrád na n-Iarrathóirí | Líon na n-Iarrathóirí | De reir inscne | Líon na n-Iarrathóirí | De réir eagraíocht an fhostóra | Líon na n-Iarrathóirí |
| Cigire | 96 | Fireann | 83 | Garda Síochána | 90 |
| | | Baineann | 13 | SPTÉ | 6 |
| Iomlán | **96** | Iomlán | **96** | Iomlán | **96** |


| 2017 Painéil bunaithe agus Ceapacháin déanta | | | |
|---|---|---|---|
| Grád | Líon na n-Iarrathóirí ar an phainéal | Líon na n-Iarrathóirí ceaptha (ag 31/12/17) | Dáta Éaga an Phainéil |
| Coimisinéir Cúnta | **5** | 4 | 22/03/18 |
| Ard-Cheannfort | **15** | 8 | 28/06/18 |
| Ceannfort | **33** | 19 | 12/07/18 |

## Aguisín 3 – Tuarascáil Achomair Airgeadais 2017

Sa tábla thíos tugtar achomair ar chaiteachas ar Vóta an Údaráis in 2017.

| Tuarascáil Achomair ar Vóta an Údaráis Póilíneachta 2017 | | |
|---|---|---|
| **Fo-cheannteideal** | **Soláthar Measta 2017** | **Caiteachas 2017** |
| | **€000** | **€000** |
| **A.1. (i) Tuarastail, Pá agus Liúntais** | | |
| Tuarastail, srl. | 2,712 | 1,246 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| **Iomlán A.1. (i)** | **2,712** | **1,246** |
| | | |
| **A.2. (ii) Taisteal agus Cothú** | | |
| 1. Taisteal agus Cothú | 50 | 17 |
| 2. Astaíochtaí Aerthaistil curtha in aghaidh Íocaíochta | 0 | 0 |
| **Iomlán A.2. (ii)** | **50** | **17** |
| | | |
| **A.2. (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Costas Teagmhasach** | | |
| 1. Oiliúint & Forbairt Foirne | 60 | 50 |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 55 | 5 |
| 3. Cruinnithe Poiblí | 40 | 25 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin, srl. | 20 | 20 |
| 5. Féilteachas | 10 | 11 |
| 6. Ilspeansais | 285 | 266 |
| 7. Táillí agus Costais Chomhaltaí | 215 | 216 |
| **Iomlán A.2. (iii)** | **685** | **592** |
| | | |
| **A.2. (iv) Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide** | 10 | 2 |
| Seirbhísí Poist | 40 | 12 |
| Teileachumarsáid | **50** | **14** |
| **Iomlán A.2. (iv)** | | |
| | | |
| **A.2. (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF** | | |
| 1. Ríomhaire, srl. (an córas reatha) | 105 | 51 |
| 2. Trealamh Oifige agus Stáiseanóireacht *[error in English spelling]* | 20 | 15 |
| **Iomlán A.2. (v)** | **125** | **66** |
| | | |
| **A.2. (vi) Costais Áitreabh Oifige** | | |
| 1. Cothabháil | 19 | 40 |
| 2. Teas, Solas agus Breosla | 36 | 8 |
| 3. Troscán agus Feistis | 25 | 2 |
| **Iomlán A.2. (vi)** | **80** | **50** |
| | | |
| **A.2. (vii) Seirbhísí Sainchomhairleoireachta, Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Beartais** | 10 | 22 |
| **Caiteachas Iomlán** | **2,712** | **2,007** |
| **lúide** | | |
| **B. Leithreasaí i gCabhair.** | 0 | 0 |
| 1. Ilspeansais | 58 | 51 |
| 2. Tobhach Pinsin | **58** | **51** |
| **Iomlán Leithreasaí i gCabhair** | | |
| **Caiteachas Glan** | **2,654** | **1,956** |

## Aguisín 4 – Struchtúr Eagraíochta



## Aguisín 5 – Ráiteas ón Chathaoirleach faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithním freagracht an Údaráis don chóras rialaithe inmheánach.

Is féidir le córas rialaithe inmheánach urrús réasúnta in aghaidh earráidí ábhartha a thabhairt ach ní féidir leis an chóras urrús iomlán a thabhairt. Ar na rudaí eile a chuirtear in áireamh nuair atá an tÚdarás ag déanamh measúnú ar éifeachtacht na rialaithe inmheánacha, tugann an tÚdarás aird mar is cuí ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus rinneadh gach iarracht ó bunaíodh an tÚdarás, agus le linn 2017, cloí le riachtanais an Chóid sa mhéid a bhaineann le gníomhaireacht bheag neamhspleách neamhthráchtála.

Tá na nósanna imeachta um rialú éifeachtach inmheánach curtha in oiriúint i gcomhréir le méid agus castacht na heagraíochta agus i gcomhréir le forbairt an Údaráis atá ag feidhmiú le beagnach dhá bhliain anuas. Sa chomhthéacs seo, is fiú a rá gur costais phá-choibhneasa iad cuid mhór de chaiteachas an Údaráis in 2017; costais a bhí i bhfeighil an Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla, trí phárolla de chuid An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Dá bharr sin tá na costais sin faoi réir na gcóras rialaithe inmheánach, iniúchadh inmheánach san áireamh, atá i bhfeidhm sna heagraíochtaí sin.

Rinne an tÚdarás bearta chun cinntiú go bhfuil struchtúr cuí rialúcháin i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú;
- Deighilt ghlan a dhéanamh idir feidhmeannas agus cumhachtaí an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh;
- Riachtanais rialta tuairiscithe a shocrú maidir le cúrsaí airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a bhunú;
- Cóid Iompraíochta do chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis a bhunú agus a fhoilsiú;
- Cinntiú a dhéanamh go bhfuil na scileanna agus an taithí cuí ag na baill foirne; agus
- Gach iarracht a dhéanamh cultúr láidir agus bunluachanna a chothú le hiompar eiticiúil d'ardchaighdeán a spreagadh ar fud na heagraíochta.

Le linn 2017, chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca ar bun le rioscaí gnó a aimsiú agus le himpleachtaí na rioscaí sin a mheasúnú. Cuireadh tús le clár rioscaí faoi choimirce an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca. Déantar riosca a phlé ag gach cruinniú míosúil den Údarás le monatóireacht a dhéanamh ar ardrioscaí agus le dul i ngleic le riosca i gcomhthéacs gach cinneadh tábhachtach glactha.

Ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le héifeacht rialaithe inmheánach a mheasúnú, tá:

- <u>An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca</u>

  Bhí 5 chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le linn 2017. Cuireadh tuarascáil bhliantúil an Choiste i láthair an Údaráis i mí Feabhra 2018 agus tá sí ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Tá mé sásta gur chomhlíon comhaltaí an Choiste a ndualgas mar is cuí le linn na bliana.

  Deánann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas seo le cinntiú go léiríonn sé an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá an measúnú seo ag teacht le hathbhreithniú a rinne an soláthraí iniúchóireachta inmheánach ar an chóras rialaithe inmheanách i mí Eanáir 2018.

- <u>Rialúcháin Airgeadais agus Bainistíochta</u>

Tá srianta chuí airgeadais i bhfeidhm – a bhfuil fianaise leo – nósanna imeachta airgeadais, deighilt na ndualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údaraithe agus ceadaithe, próisis chuntasaíochta, úrlamhas ar shócmhainní fisiceacha agus athbhreithniú bainistíochta san áireamh.

Tá córais bhuiséadaithe iomchuí i bhfeidhm agus córais mhonatóireachta iomchuí atá bunaithe ar thaifid airgeadais atá faoi choimirce na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dli agus Cirt agus Comhionannais. Gheall Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne go bhfuil na córais agus na rialaithe inmheánacha a bhaineann leo iomlán sásúil.


Comhlíonann an tÚdarás rialaithe agus treoirlínte sholáthair a bhaineann le hábhar de réir mar atá siad leagtha amach san am i láthair ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tá córais eile oibriúcháin i bhfeidhm san Údarás maidir le bainistíocht eolais; nó tá siad á gcur i gcrích i gcomhar le gníomhaíochtaí agus riachtanais gnó.

Rinne Iniúchóireacht Inmheánach athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i mí Eanáir 2018.

- Iniúchóireacht Inmheánach
  Cuireadh feidhm iniúchóireachta inmheánach ar bun don Údarás i mí Eanáir 2017 i ndiaidh phróiseas soláthair leis an fheidhm iniúchóireachta a sheachfhoinsiú. Cuireadh conradh i bhfeidhm le Crowleys DFK i mí Eanáir 2017. Ó shin i leith, tá Cairt Iniúchóireachta curtha i bhfeidhm agus rinneadh ceithre iniúchóireacht inmheánach in 2017 chomh maith le hathbhreithniú ar éifeachtacht agus rialúcháin i mí Eanáir 2018.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an chóras rialaithe inmheánach, lena n-áirítear an Ráiteas Rialaithe Inmheánach, mar chuid den iniúchadh ar an chuntas leithghabhála le géiliúlacht an Údaráis a chinntiú maidir le riachantanais paragraif 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus le cinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna gcuid obair iniúchóireachta.



**Josephine Feehily**

**Cathaoirleach**

# Aguisín 6 – Úsaid Fuinnimh 2018

Úsáid Fuinnimh a Bhainistiú

Tá an tÚdarás Póilíneachta suite ar urlár amháin d'fhoirgneamh cúig-urlár ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath. Tá méadú tagtha ar líon na bhfostaithe sa bhliain 2017, agus tá 31 bhall foirne ann ag 31 Nollaig 2017.

Tá ídiú fuinnimh an Údaráis san áireamh sa tuarascáil bhliantúil a chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Gníomhartha glactha in 2017

Tá an tÚdarás Póilíneachta go fóill ag tabhairt faoi úsáid fuinnimh a laghdú, ag déanamh cinnte go bhfuil an trealamh leictreachais agus na soilse uile múchta ag deireadh gnó gach lá.

Ghlac an tÚdarás Póilíneachta páirt san fheachtas "*Make a Switch!*" leis an fhoireann a spreagadh chun riomhairí, printéirí agus soilse a mhúchadh nuair is féidir.